

Conair na bhFéarthailte

LEAGAN 2: 2024

Roinnt Féarthailte Iontacha
na hÉireann á dtaispeáint



NPWS

An tSeirbhís Páirceanna
Náisiúnta agus Fíadhúlra
National Parks and Wildlife Service

An tIonad
Náisiúnta Sonraí
Bithéagsúlachta
ag Doiciméadú Fíadhúlra na hÉireann



Cad é 'Conair na bhFéarthailte'?

Is líonra de fhéarthailte poiblí agus príobháideacha atá scaipthe ar fud na tíre is ea 'Conair na bhFéarthailte'. Déantar na láithreáin seo go léir a bhainistiú go tuisceanach, ar bhealach ina gcuirtear caomhnú an dúlra agus an éagsúlacht féarthailte san áireamh. Méadaíonn an leabhrán seo líon na láithreáin conaire ó 9 go 27, agus cuimsíonn sé cuid nua a léiríonn Láithreáin Talamh Feirme.

Tugann Conair na bhFéarthailte deis do mhuintir na háite agus do chuiditheoirí tuiscint níos fearr a fháil ar ghnáthóga féarthailte agus móinéir atá i mbaol. Maidir leis na suíomhanna sin a bhfuil inrochtana go poiblí, is féidir leat a fheiceáil agus taithí a fháil go dlúth ar an gcuma atá ar fhéarthailte iontacha na hÉireann. Tá go leor de na suíomhanna seo cóngarach do thaitneamhachtaí agus do nithe is díol spéise eile, mar sin d'fhéadfadh gur áit shíochánta a bheadh ann le dul ag siúl nó ar phicnic ar lá gnóthach.

Cathain le cuairt a thabhairt

Is é an samhradh an t-am is fearr le cuairt a thabhairt ar fhorhmór na bhféarthailte, ach tá go leor le feiceáil ag na suíomhanna seo ar feadh na bliana. Mar shampla, b'fhéidir go bhfeicfeá móinéir á bhaint ag deireadh an tsamhraidh, nó féarthailte lán le bláthanna an earraigh fhiáin i mí an Mhárta/Aibreáin. Is é an fómhar an t-am a itheann éin ar chinn síolta i bhféarthailte, agus i lár an gheimhridh d'fhéadfadh capaillíní a bheith ag innilt féar tiubh ionas gur féidir na féarach a fhágáil don bhithéagsúlacht an chuid eile den bhliain.

Próifíl an tsuímh

Tabharfaidh gach próifíl suímh sa leabhrán seo blas duit ar an bhféarthailte sin, idir mhagairlíne agus eallach pórtá neamhchoitianta, paistí móinéir agus limistéir mhóra de ghnáthóga féarthailte. Tacaíonn raon gníomhaíochtaí bainistíochta leis na féarthailte go léir ar Chonair na bhFéarthailte, lena chinntiú go

bhfuil siad sa riocht is fearr don fhiadhúlra. Maidir leis na suíomhanna sin atá inrochtana go poiblí, tá faisnéis ann freisin maidir le páirceáil agus rochtain, agus naisc chun tuilleadh eolais a fháil.

Pleananna amach anseo agus aiseolas

Cuireadh tús le Conair na bhFéarthailte mar thionscnamh pólótach in 2023 ina raibh naoi suíomh ann. In 2024, cuireadh ocht suíomh déag breise leis. Níl iontu seo ach roinnt samplaí d'fhéarthailte iontacha na hÉireann. Bain úsáid as an haischlib #GrasslandsTrail le do thoil chun áiteanna eile a d'fhéadfaí a chur leis amach anseo a roinnt! Le himeacht ama, leanfaimid ar aghaidh ag leathnú an chonaire, ach faoi láthair, tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as na cinn atá aibhsithe.



Roinn do chuid pictiúr nó smaointe ar na meáin shóisialta ag baint úsáid as #GrasslandsTrail nó #GreatIrishGrasslands



Féarthailte leathnádúrtha

Is iad na féarthailte ar fad ar Chonair na bhFéarthailte ar a dtugann éiceolaithe ‘féarthailte leathnádúrtha’ orthu. Ní gnáthóga iomlána nádúrtha iad toisc go bhfuil a saol ag brath ar roinnt bainistíochta daonna. Gan é seo, d’athródh an chuid is mó go scrobarnach nó coillearnach. Níl féarthailte leathnádúrtha athraithe go mór ag an talmhaíocht, ach ina ionad sin, déantar iad a bhainistiú ar bhealach nach bhfuil chomh dian.

Cineálacha féarthailte

Díreach mar go bhfuil cineálacha éagsúla coillearnaí ann, tá cineálacha éagsúla féarthailte leathnádúrtha ar oileán na hÉireann. Tríd is tríd, is féidir le féarthailte a bheith fliuch nó tirim, aigéadach nó cailcreach (= saibhir aoil), agus saibhir nó bocht i gcothaithe (e.g. nítrigin, fosfar). Bíonn tionchar ag an ithir, geolaíocht, aeráid agus bainistíocht san am atá caite ar an gcineál féarthailte freisin. Tagann na fachtóirí seo go léir le chéile chun raon iontach de chineálacha féarthailte atá an-difriúil in Éirinn a thabhairt dúinn.

Is turas é Conair na bhFéarthailte tríd an éagsúlacht iontach atá i bhféarthailte leathnádúrtha na hÉireann. Ó fhéarthailte tirime d’éirigh leo gníomhaíochtaí fóillíochta a chothromú leis an dúlra ag Galfchúrsa Bhaile an Chaisleáin, féarthailte cósta ar ithir chailcreach (machaire) ag Anaclann Dúlra an tSeascainn Mhóir, agus limistéir fo-uirbeacha/páirceanna arna mbainistiú mar mhóinéir féir ag Teach agus Feirm an Droichid Nua, Teach Bhaile an Chaisleáin nó Páirc Thigh Motháin. Tá féarach feirme ilghnéitheach á bhainistiú ag innilt, láithreáin laistigh de chosán uathúil aolchloiche na Boirne, féarthailte taisce in áiteanna eile sa tír, agus féarach laistigh d’Anaclann Dúlra atá faoi choillte Ghleanna Ghairbh.

Inrochtaineacht:

Tabhair faoi deara, cé go bhfuil cosáin nó limistéir réasúnta cothrom le haghaidh siúlóide ag formhór na láithreán atá inrochtana go poiblí, ní bheidh go leor acu inrochtana go hiomlán do chathaoireacha rothaí. Má tá ceisteanna inrochtaineachta nó ceisteanna eile agat, is fearr teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an suíomh.



FÉARTHAILTE

aon limistéir ina bhfuil féara den chuid is mó

MÓINÉAR

de ghnáth féarthailte arna bhainistiú ag baint

FÉARACH

féarthailte arna bhainistiú ag innilt



EOLAS FÚINNE

Tá an leabhrán seo forbartha ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, le tacaíocht ón Ionad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta agus ón bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí.

Tabhair cuairt ar GreatIrishGrasslands.ie le haghaidh tuilleadh eolais

Liosta de Láithreáin Féarthailte

Páirc Thigh Motháin

Tamhlacht, Co. Bhaile Átha Cliath 8

Anaclann Dúlra an Ghleanna Ghairebh

An Gleann Garbh, Co. Chorcaí 10

Teach Bhaile an Chaisleáin

Cill Droichid, Co. Chill Dara 12

Anaclann Dúlra an tSeascainn Mhoir

in aice le hArd an Rátha, Co. Dhún na nGall 14

Teach agus Feirm an Droichid Nua

Domhnach Bat, Co. Bhaile Átha Cliath 16

Anaclann Dúlra Shliabh Cairn/ Caolchoille

cuid de Pháirc Náisiúnta Bhoirne, Co. an Chláir 18

Eastát Dhún ar Aill

Dún ar Aill, Co. Chorcaí 20

Galfchúrsa Bhaile an Chaisil

Baile an Chaisil, Co. Aontroma 22

Diméin Chaisleán Bhorra

Páirceanna an Bhaile, Biorra, Co. Uíbh Fhailí 24

Anaclann Dúlra Dhroim nDamh

in aice le Machaire Rátha, Co. Dhoire 26

Teach agus Diméin Dhoire Fhionáin

Doire Fhionáin, Co. Chiarraí 28

Teach, Gairdíní & Páirc Belvedere

ó dheas den Mhuileann gCearr, Co. na hIarmhí 30

An Chrom

An Baile Nua, Co. Fhear Manach 32

Caisleán an Bhardaigh

in aice le Dún Pádraig, Co. an Dúin 34

Páirc Sir Thomas agus Lady Dixon

Béal Feirste, Co. Aontroma 36

Anaclann Dúlra Bhaile Uí Thaidhg

in aice le Lios Dúin Bhearna, Co. an Chláir 38

LÁITHREÁIN TALAMH FEIRME

Talamh feirme ar bhruacha Loch Rí

ó thuaidh ó Bhaile Átha Luain, Co. na hIarmhí 42

Talamh feirme ag 'Na Carraigeacha'

in aice le Teach Mhic Conaill, Co. Ros Comáin 44

Talamh feirme ag Teach Bhaile an Chalbhaigh

in aice le Cill Chuilinn, Co. Chill Dara 46

An Chloch Mhantach

in aice le Bhaile Sheáin, Co. Chill Chainnigh 48

Talamh feirme ag Derreenatloghtan

in aice le Boston, Co. an Chláir 50

Teach Mór Tuaithe agus Feirme Lóiste Chill Rannaileach

Cill Téagáin, Co. Chill Mhantáin 52

Talamh feirme ag Lakeview

An Mullach, Co. an Chabháin 54

Talamh feirme ag Moin Aillionn

Moin Aillionn, Co. Ros Comáin 56

Talamh feirme ag Muireagán Thuaidh

in aice le Eas Géitine, Co. Luimnigh 58

Siúlóid Lúibe na Croise

An Muirthead, Co. Mhaigh Eo 60

Talamh feirme ag Pointe Charraig an Rois

in aice leis na Cealla Beaga, Co. Dhún na nGall 62



Cén fáth a bhfuil féarthailte leathnádúrtha tábhachtach?

Tá féarthailte leathnádúrtha níos tábhachtaí ná mar a shílfeá!



Dúlra

Tá féarthailte leathnádúrtha thar a bheith tábhachtach dár mbithéagsúlacht dhúchasach, ag tacú le raon leathan plandaí agus ainmhithe, agus ní bheidh rath ar go leor acu ach i ngnáthóga féarthailte oscailte. Áirítear leis seo go leor magairliní agus speicis bláthanna fiáine eile, go leor feithidí (e.g. dreoilín teaspaigh, féileacáin, etc.), agus raon éan talamh feirme, ar nós, an Traonach, an Bhuíóg, an Scréachóg Reilige agus an Fhuiseog.



Carbón


Gabhann siad agus stóráilann siad méideanna móra carbóin. Tá roinnt cineálacha féarthailte, cosúil le móinéir tuilemhánna, chomh maith is a bheadh coillearnacha agus carbón a ghabháil acu.



Ithreacha

Tacaíonn pobail éagsúla plandaí féarthailte le hithreacha sláintiúla, a bhfuil éiceachórais rathúla dá gcuid féin acu. Is féidir suas le 1 billiún cealla micreascópacha aonair agus thart ar 10,000 speiceas éagsúil a bheith i ngach gram d'ithir shláintiúil!





Uisce

Oibríonn féarthailte go dian chun uisce a scagadh trína n-ithreacha sláintiúla, rud a chabhraíonn le huisce glan a sholáthar dúinn inár srutháin agus inár n-aibhneacha.



Cosc ar thuilte

Comhlíonann siad feidhm luachmhar in amanna tuilte, trí uisce a choinneáil agus a shreabhadh a mhoilliú le sruth. Teastaíonn níos mó féarthailte agus gnáthóga leathnádúrtha eile uainn chun uisce a choinneáil le linn tréimhsí aimsire a bhfuil an-chuid báistí ann, agus chun cabhrú le ceantair uirbeacha a choinneáil saor ó thuilte (féach leathanach 66).



Sláinte agus Folláine

Níl rud ar bith níos fearr ná móinéar bláthach, beo an tsamhraidh. Bainimid go léir an-sult agus cothú as a bheith sa nádúr, agus cabhraíonn féarthailte éagsúla, feidhmiúla linn mothú go maith agus motháimid go bhfuil muid ceangailte leis an dúlra.



Turasóireacht

Is féidir le féarthailte faoi bhláth tacú le turasóireacht, trí radhairc agus eispéiris áille a sholáthar do chuairteoirí ó chian is ó chongar.



Gnáthóg atá i léig:

Léiríonn sonraí le déanaí ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra i bPoblacht na hÉireann cailteanais de thart ar 30% i gcás cuid de na cineálacha féarthailte is speisialta atá againn, thar thréimhse deich mbliana amháin. Is iad na príomhchúiseanna cailteanais ná:

- A. tiontú go diantalmhaíocht (e.g. treabhadh, athshíolú, leasachán á chuir síos),
- B. foraoiseacht á plandáil,
- C. agus b'fhéidir go frith-iomasach, tréigean. Tá sé seo amhlaidh toisc go dtagann laghdú tapa ar cháilíocht i bhformhór na bhféarthailte leathnádúrtha mar thoradh ar easpa bainistíochta.





Páirc Thigh Motháin

Tamhlacht, Co. Bhaile Átha Cliath



Tá roinnt féarthailte iontacha i bPáirc Thigh Motháin. Tá fairsinge móra móinéar ann, agus limistéir níos lú d'fhéarthailte cailcreacha atá saibhir ó thaobh speiceas de, agus cuid acu ar shean-iomaire eascrach.

BAINISTÍOCHT

The grasslands in the park are managed to have a mixture of short-flowering and long-flowering meadows. The long-flowering areas are mown in late summer, with the cuttings removed.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<https://www.sdcc.ie/en/services/sport-and-recreation/parks/tymon-park.html>

<https://www.sdcc.ie/en/services/environment/pollinators/>

CUR SÍOS

I gcodanna de Thamhlacht agus don Chnoc Glas tá ithreacha eascracha neamhfheabhsaithe, agus cuireann siad seo acmhainn iontach ar fáil d'fhéarthailte atá saibhir ó thaobh speiceas de. Baineadh an acmhainneacht sin amach nuair a d'athraigh Comhairle Contae Átha Cliath Theas na cleachtais bhainistíochta gearrtha féir i bPáirc Thigh Motháin chun speicis bláthanna agus feithidí pailniúcháin a éascú. Ní ghearrtar an chuid is mó de na móinéir seo anois ach uair sa bhliain, agus baintear gearrthóga chun leanúint ar aghaidh ag laghdú torthúlachta agus chun tuilleadh speiceas bláthanna fiáine a spreagadh.



Sábhchuil ar Cham an Ime

Cuireadh tús le clár monatóireachta bithéagsúlachta in 2020, le tacaíocht ó Chiste Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil an SPNF. Fuarthas amach sna suirbhéanna sin go bhfuil limistéir shuntasacha de na móinéir ar aon dul anois le 'Móinéir Féir Ísealchríoch', agus cuid acu le 'Féarthailte Cailcreach saibhir ó thaobh Speicis de' (an dá cheann liostaithe le haghaidh cosanta ar larscribhinn 1 de Threoir an AE maidir le Gnáthóga). Tacaíonn an t-athchóiriú luibheolaíoch seo le daonraí sláintiúla feithidí agus pailneoirí, ag tairiscint acmhainn bonneagair ghlais ríthábhachtach do raon leathan speiceas i dtimpeallacht uirbeach in aimsir dhúshlán na bithéagsúlachta agus na haeráide. In 2023, tugadh faoi thionscadal píolótach chun síolta a bhailiú agus a stóráil ó chuid de na móinéir seo, agus an cumas ann an síol seo a úsáid i dtionscadail athchóirithe iomchuí eile sa cheantar.

ROCHTAIN:

Publicly accessible year-round

MÉID:

49 ha

PÁIRCEÁIL:

yes, free

CAIFÉ:

coming soon

LEITHRIS:

yes

ÚINÉIRÍ:

South Dublin County Council

"Having seen the decline and loss of wonderful species-rich grasslands across Ireland over the course of my career, I jumped at the opportunity to help restore South Dublin County Council's esker grasslands and the invertebrate biodiversity they support. To see such a diversity of plants and insects on my urban doorstep is a pure joy!"

Rosaleen Dwyer, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae Átha Cliath Theas





Anaclann Dúlra an Ghleanna Ghairbh

An Gleann Garbh, Co. Chorcaí



Sa bhféarthalamh 'féarach coille' sa Mhóinéar Mór tá teacht ar stráicí d'Odhrach Bhallach ag deireadh an tsamhraidh, go leor cnoic seangán agus roinnt crann Darach maorga.

BAINISTÍOCHT

Bíonn an féarach á innilt ó dheireadh an tsamhraidh go dtí an geimhreadh ag tréad beag orgánach d'eallach Chiarraí. Má thosaíonn scrobarnach ag cur isteach air, déantar é a ghearradh. Uaireanta déantar barr na limistéar a bhfuil luachra a ghearradh.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<https://www.glengarriffnaturereserve.ie/activities/>



CUR SÍOS

Is oileán féarthalamh é 'Móinéar Mór' i lár Anaclann Dúlra an Ghleanna Ghairbh (301 ha) atá beagnach go hiomlán faoi choillte. Cuireann sé leis an éagsúlacht, agus tá cónaí ar go leor inveirteabrach ann. Ní dhearnadh treabhadh, athshíol nó toirchiú ar an limistéar le cuimhne na ndaoine, ach tá sé innilte go héadrom san fhómhar ag eallach le blianta fada.



Bumbóg ar Odhrach Bhallach

Tugann an stair fhada seo de bhainistíocht ísealdéine carachtar speisialta don fhéarthailte. Tá go leor nead seangáin ann (féach an grianghraf ar chlé), a chruthaíonn a micrea-aeráid féin, a gcnapáin féaracha beagán níos teo agus níos tirim ná an fásra máguaird. Is féidir go bhfuil cuid de na nead seangáin seo os cionn 100 bliain d'aois. Gné shuntasach eile is ea na stráicí d'Odhrach Bhallach, le go leor bláthanna corcra-gorma ag deireadh an tsamhraidh. Fiú i mí Mheán Fómhair, tá an féarthalamh beo bríomhar, mar go mealltar pailneoirí de go leor cineálacha chuig an bhfoinse déanach pailine seo. Is é Odhrach Bhallach freisin an planda bia den Fhritileán Riasc annamh, agus feictear na féileacáin dheasa seo ag eitilt anseo i mí an Mheithimh, in éineacht le speicis eile cosúil le Donnóg Féir agus Fáinneog. Go luath sa samhradh tá go leor Magairlíni Fraochmhá le Spotaí, le feiceáil go héasca ón gcosán a ritheann feadh imeall an mhóinéir. Tá codanna eile den fhéarthailte aigéadach go leor le loig tais, paistí luachra agus dosóga d'Fhéar Corcra.

ROCHTAIN:

Tá rochtain phoiblí air ar feadh na bliana (trí 3km 'Conair Mhóinéir Mhoir', a thosaíonn i bpríomhcharrchlós an Anaclann Dúlra)

MÉID:

5 ha

PÁIRCEÁIL:

tá, tá sé saor in aisce

CAIFÉ:

Níl i gceist

LEITHRIS:

níl (Sráidbhaile an Ghleanna Ghairbh, 1 km ar shiúl)

ÚINÉIRÍ:

Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF)





Teach Bhaile an Chaisleáin

Cill Droichid, Co. Chill Dara



I lár mhí an Mheithimh, is mósáic dhaite é an móinéar seo, le Magairlínní na Stuaice, Nuacht Bhallach, Magairlínní na mBeach, Gliográn, Finidí na Muc agus Crág Phortáin ag soláthar bia riachtanach do bhumbóga agus beacha aonair.

MANAGEMENT

Baintear an limistéar 25 heicteár de mhóinéar fadbhláthanna i mí Mheán Fómhair gach bliain, agus baintear na gearrtháin. Gearrtar an limistéar d'fhéarthailte garbh de 8 heicteár atá ar an teorainn le hAbhainn na Life gach cúig bliana.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<https://www.castletown.ie/>

CUR SÍOS

Tá móinéir mar chuid lárnach den tírdhreach athchóirithe seo ón 18ú haois. Faoi bhláth ó Mhárta go Meán Fómhair, cuireann gach mí féasta ar fáil dár bhfeithidí pailniúcháin.

Táimid tar éis ár móinéir a bhainistiú le beagnach 20 bliain anois, ag gearradh i mí Mheán Fómhair agus ag baint an bhithmhaise, agus mar sin ag laghdú torthúlacht na hithreach agus ag ligean d'éagsúlacht níos airde speiceas bláthú. Le linn an ama sin tá claochlú iontach feicthe againn. Meastar anois gurb é 16 heicteár an cineál gnáthóige neamhchoitianta 'Móinéir Féir Ísealchríche' (liostaithe le haghaidh cosanta ar larscríbhinn I de Threoir an AE maidir le Gnáthóga), agus tá 8 heicteár eile beagnach ag an leibhéal sin.

Cuireann Dair Mhaorga agus Crainn Aoil, atá fud fad na móinéir, leis na radhairc ar shléibhte Bhaile Átha Cliath i gcéin. Cuireann cosáin trí na móinéir ar chumas cuairteoirí taithí a fháil ar radhairc, fuaimeanna agus boladh na ngnáthóg seo atá ar mhórán speiceas agus atá faoi bhagairt.



ROCHTAIN:

Go hiondúil inrochtana go poiblí ar feadh na bliana

MÉID:

33 ha

PÁIRCEÁIL:

tá, tá sé saor in aisce

CAIFÉ:

tá

LEITHRIS:

tá

ÚINÉIRÍ:

Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP)

Síol móinéir a bhailiú





Anaclann Dúlra an tSeascainn Mhóir

in aice le hArd an Rátha, Co. Dhún na nGall



Is sampla an-mhaith iad, an n t-Seascann Mór (an riasc mór) agus Machaire Mór (an machaire mór gainimh) ar cad ba cheart a bheith ag súil leis ag an suíomh seo - eanach agus féarthalamh fliuch taobh thiar de mhachaire, ar a bhfuil dumphcha seasta droimneacha agus móinéir riasc goirt, a bhfuil cabhair ar fáil ó fhéarach caomhantais.

BAINISTÍOCHT

Tá na dumphcha seasta, an machaire agus an riasc goirt innilte ó Dheireadh Fómhair go Bealtaine agus eallach nó capaill orthu. Gearrtar roinnt píosa féarthailte uair amháin le haghaidh féarlais ag deireadh an tsamhraidh. Déantar innilt éadrom ar an limistéar eanaigh sa samhradh agus capaill nó bulláin Aberdeen Angus air, agus na hainmhithe á n-aistriú timpeall chun póitseáil a chosc. Tá an féarthalamh fliuch atá ar mhórán speiceas á innilt go héadrom ag amanna éagsúla den bhliain. Tá eallach Mhaol, seanphór Éireannach, ag cuid de na feirmeoirí.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<https://www.npws.ie/nature-reserves/donegal/sheskinmore-nature-reserve;>

<https://sheskinmore.wordpress.com/home>

CUR SÍOS

Tá innilt geimhridh agus eallach ar dhumhcha seasta agus ar mhachaire oiriúnach don éagsúlacht bláthanna. Tar éis an stoc a bhaint, is féidir le plandaí fás, bláthú agus síolta a shocrú, rud a fhágann go bhfuil comharbas de bhláthanna fiáine ann. I mí na Bealtaine, tá na mílte de Mhagairlíni Luath-chorcra le feiceáil, agus ina dhiaidh sin tá éagsúlacht álainn de mhagairlín Seascann Luath i mí an Mheithimh. I lár an tsamhraidh, bíonn teacht ar speicis níos annamha cosúil le Magairlín Glas, Magairlín na mBeach agus Magairlín an Loscáin atá duaithnithe go maith. Is iad na Cuaichín Corraigh agus Lus Taghla is péacacha. Agus ní magairlíni amháin atá ann - bíonn Fionnscoth, Odhrach Bhallach agus Lus an Chrúbáin faoi bhláth i mí Lúnasa, ag tabhairt le fios deireadh an tsamhraidh.

Chomh maith le dhumhcha agus machaire, tarlaíonn cineálacha féarthailte tábhachtacha eile, amhail 'Féarthailte Chailcreach ar mhórán Speiceas' agus 'Móinéir Molinia' (an dá cheann acu liostaithe le haghaidh cosanta ar larscríbhinn 1 de Threoir an AE maidir le Gnáthóga). Is fiú fiadhúlra a fhiosrú i ngach cúinne agus meascán de bhuncharraig aigéadach, a bhfuil gaineamh alcaileach uirthi, trasnaithe le loig fhliucha mhóna, thar talamh droimneach le fáil. Mar shampla, tá na hinveirteabraigh chosanta Fritileán Riasc agus seilide riasc, *Vertigo geyeri*, le fáil anseo, chomh maith le saibhreas lapairí pórúcháin.

Tá tábhacht an cheantair aitheanta ag SPNF ó na 1980idí, tar éis dóibh 385 heicteár talún a cheannach timpeall an Locha. Tá roinnt feirmeoirí príobháideacha páirteach i scéim agra-chomhshaoil atá bunaithe ar thorthaí (Scéim Plean Feirme an SPNF), ina ndéantar dáileachtaí talún a scóráil le haghaidh éagsúlacht bláthanna gach samhradh, le híocaíochtaí a bhaineann le cáilíocht gnáthóige.



Fritileán Riasc

ROCHTAIN:

Tá rochtain phoiblí air ar feadh na bliana (cuardaigh 'carrchlós AD an tSeascainn Mhóir' ar léarscáileanna google don phointe iontrála thuaidh)

MÉID:

385 ha (trasna Anaclann iomlán)

PÁIRCEÁIL:

tá, tá sé saor in aisce

CAIFÉ:

Níl i gceist

LEITHRIS:

Níl i gceist

ÚINÉIRÍ:

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF), agus roinnt talún faoi úinéireacht príobháideach



Magairlín Riasc luath





Teach agus Feirm an Droichid Nua

Domhnach Bat, Co. Bhaile Átha Cliath



Tá feirm oibre áit a bhfuil móinéir féir sa teach stairiúil seo. Tá féarach ann freisin a bhíonn á innilt ag pórtha neamhchoitianta.

BAINISTÍOCHT

Bíonn féarach á innilt ag ba Maol, Pór Dúchasach, tréad eallaigh ó Chiarraí, capall Tarraingthe Éireannach agus caoirigh Jacob. Gearrtar móinéir féir uair sa bhliain.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<https://newbridgehouseandfarm.com>



Beach Ghabhair ar
Odhrach Bhallach

CUR SÍOS

Tá limistéir mhóra de thalamh páirce ar a bhfuil móinéir a bhainistítear go hógair mar mhalairt dheas ar na limistéir innilte ag an suíomh éagsúil seo. Tá roinnt limistéar móinéir tais go saineúil (bí ag faire amach do speicis ar nós Airgead Luachra), agus tá cinn eile i bhfad níos tirime (san earrach, cuardaigh na Baine Bó Bleachtáin chun cabhrú leat teacht ar an bhféarthailte cailcreach tirim).



Eorna Mhóinéir

Tacaíonn an suíomh le roinnt speiceas neamhghnách, le féara neamhchoitianta mar Brómas Ceannard agus Eorna Mhóinéir le fáil. Tá Eorna Mhóinéir liostaithe ar an Ordú Flora (Cosaint), 2022. Cuidíonn láithreach Brómas Ceannard le teorainn a chur le méid na Treorach um Ghnáthóga AE atá liostaithe 'Féarthailte Cailcreach atá ar mhórán Speiceas'. Tá an Eorna Mhóinéir álainn le fáil i limistéir taise de fhéarthailte, a bhainistítear den chuid is mó mar mhóinéir, le gearrtha amháin go déanach sa séasúr. Ag an suíomh seo, ní dhéantar gach limistéar a bhainistiú ar an mbealach céanna. Tá cuid acu innilte, tá cead ag cuid eile fás níos airde agus níos fiáine, agus déantar roinnt limistéar a bhainistiú mar mhóinéir atá ag bláthú níos giorra. Cinntíonn sé seo go bhfuil éagsúlacht mhór de chineálacha féarthailte agus airde baineach le fáil.

Cé go bhfuil luach ag baint leis na limistéir choillearnaí anseo gan amhras, thug staidéar éiceolaíoch le déanaí faoi deara gurb iad na móinéir na cinn is tábhachtaí de na gnáthóga leathnádúrtha laistigh den diméin, go háirithe mar go dtacaíonn siad le speicis féir neamhchoitianta.

ROCHTAIN:

Príomhfhéarthailte páirce inrochtana go poiblí ar feadh na bliana (dúnadh roinnt áiseanna Dé Luain ó Dheireadh Fómhair go Márta). Baineann táille le cuairt a thabhairt ar Chonair Fionnachtana Feirme

MÉID:

100 ha

PÁIRCEÁIL:

tá, tá sé saor in aisce

CAIFÉ:

tá

LEITHRIS:

tá

ÚINÉIRÍ:

Comhairle Contae Fhine Gall



Baine Bó Bleachtáin



Anaclann Dúlra Shliabh Cairn/ Caolchoille

cuid de Pháirc Náisiúnta Bhoirne, Co. an Chláir



Tá cosán aolchloiche, féarthalamh cailcreach saibhir i magairliní, coillearnach agus scrobarnach ar an suíomh seo agus coillteach drámatúil ar chúl. Is áit iontach é chun raon leathan de phlandaí speisialtachta na Boirne a fheiceáil.

BAINISTÍOCHT

Bíonn eallach ag innilt an suíomh seo sa gheimhreadh, trí chomhaontú le feirmeoir áitiúil.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<https://www.nationalparks.ie/burren/>



Leathín

CUR SÍOS

Tá dhá ainm eile ar Shliabh Cairn freisin - Caolchoille agus Carraig an Iolra. Is furasta a fheiceáil cén fáth a bhfuil an t-ainm deiridh air, mar gheall ar a haille drámatúla aolchloiche. Sa lá atá inniu ann neadaíonn Fabhcún Gorma anseo, mar a dhéanann Fiach Dubha. Ag bun na n-aillte tá limistéir mhóra scrobarnaí agus coillearnaí, agus fothracha sean-séipéil agus tobar naofa.



Boladh Cnís le Crobh Dearg

Baineann draíocht leis an áit, agus tá roinnt finscéalta ar eolas ag muintir na háite. Tar san earrach chun taithí a fháil ar fharraige fíor de Chreamha.

Is meascán de chosán aolchloiche, féarthailte agus scrobarnach iad na limistéir is oscailte den chuid is mó. I limistéir áirithe, áfach, tá pócaí d'ithreacha níos doimhne, agus anseo tá limistéir d'fhéarthailte buana. Tá siad an-saibhir ó thaobh speiceas de, agus ní mór iad a choinneáil ar oscailt trí innilt (agus scrobarnach a bhaint go hógair ó am go chéile).

Cothaíonn na féarthailte raon speiceas magairlíne, agus réimse leathan bláthanna, féara agus seiscí eile. I measc na magairlíne is neamhchoitianta tá an Cuaichín Dearg agus Magairlín an Loscáin. Tá imfhálú innilt turgnamhach i gceann de na pócaí féarthailte, agus is féidir é a fheiceáil ó cheann de na cosáin siúlóide. Rinneadh suirbhé air seo maidir lena phlandaí agus seilidí roinnt uaireanta ó tógadh é in 2005, ag soláthar sonraí eolaíocha luachmhara ar cé chomh tábhachtach agus atá bainistíocht innilt chun éagsúlacht na ngnáthóg sin a chothabháil.

ROCHTAIN:

Inrochtana poiblí ar feadh na bliana

MÉID:

c.5 ha d'fhéarthailte buana, i bhfad níos scaipthe tríd an gcósán aolchloiche

PÁIRCEÁIL:

tá, tá sé saor in aisce

CAIFÉ:

Níl i gceist

LEITHRIS:

Níl i gceist

ÚINÉIRÍ:

Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF)



Mearacán Gorm





Eastát Dhún ar Aill

Dún ar Aill, Co. Chorcaí



Tá an féarthalamh tais leathnádúrtha seo go hálainn i lár an tsamhraidh, le go leor dathanna agus neart magairlíní. Is áit iontach é freisin chun roinnt speiceas féir neamhchoitianta a fheiceáil.

BAINISTÍOCHT

Tá an móinéar le fáil in oirthuaisceart an eastáit, agus tá cosáin gearrtha tríd chun rochtain phoiblí a cheadú. Gearrtar é go déanach sa samhradh gach bliain, agus is gnách go dtógann feirmeoirí áitiúla an féar.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<https://doneraileestate.ie/>

Bóin Dé Sheachtbhallach



CUR SÍOS

San iomlán, tá os cionn 160 heicteár de thalamh páirce chun fánaíochta agus le taiscéaladh ag Dún ar Aill. Mar sin, chomh maith leis na féarthailte, is féidir leat an Fia, Ioraí, Madraí Uisce agus Corr Réisc a fheiceáil, agus iniúchadh a dhéanamh ar na crainn ársa mhaorga, locháin éisc, rianta agus cosáin.



San oirthuaisceart tá féarthalamh mór (22 ha) agus éagsúil leathnádúrtha, a bhainistítear mar mhóinéar. Rinneadh taifead le linn cuairte a thug Cumann Luibheolaíoch na Breataine agus na hÉireann (BSBI) in 2021 go raibh go leor speiceas plandaí soithíoch ag fás ann, lena n-áirítear roinnt speiceas neamhchoitianta ar nós Nuacht Bhallach, Magairlín Corraigh na hÉireann agus an féar, Brómas Mín.

Baineadh úsáid as an móinéar seo mar shuíomh deontóra do thionscadal 'féar glas' ar fheirm in aice láimhe. Seo an áit a ngearrtar féar ó shuíomh atá ar mhórán speiceas, agus ar an lá céanna, déantar é a scaipeadh ar shuíomh nach bhfuil mórán speiceas ann. Mar sin is féidir síolta ó raon speiceas a thabhairt chomh fada leis an suíomh faighteora. Bailíodh sonraí luibheolaíocha mionsonraithe mar chuid den tionscadal seo, agus léiríonn siad go bhfuil saibhreas speiceas maith ag an bhfásra sa mhóinéar i nDún ar Aill, le raon de ghnáthspeicis féir agus luibheanna le fáil, ar nós, feoranna, cuise, Féar Fiteog Léana, Féar Cumhra, seamra, Athair Thalún agus Cluas Chait.

ROCHTAIN:

Inrochtana poiblí ar feadh na bliana

MÉID:

22 ha, suite i limistéar páirce níos leithne

PÁIRCEÁIL:

tá, tá sé saor in aisce

CAIFÉ:

tá

LEITHRIS:

tá

ÚINÉIRÍ:

Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP)





Galfchúrsa Bhaile an Chaisil

Baile an Chaisil, Co. Aontroma



Tá limistéir áille móinéir fud fad an chlub gailf seo, a mbaintear feidhm as mar 'garbhlaigh' don chúrsa freisin.

BAINISTÍOCHT

Cuidíonn an réimeas bainistíochta a chruthaíonn na limistéir 'garbha' is fearr, gnáthóg móinéir saibhir bláthanna a chothú freisin. Baineann sé seo le gearradh déanach amháin (Meán Fómhair/Deireadh Fómhair) féir, a íocann agus a úsáideann feirmeoir áitiúil.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<https://www.ballycastlegolfclub.com/>

DESCRIPTION

Cruthaíodh na móinéir a forbraíodh ag Club Gailf Bhaile an Chaisil agus an galf ar intinn ag an am, ach tacaíonn siad freisin le gnáthóg féarthailte atá ar mhórán speiceas. Is bónas é go bhfuil na móinéir seo iontach le breathnú orthu sa samhradh, go bhfuil siad lán d'fhiadhúlra agus iad saor in aisce le cothabháil (tógann feirmeoir áitiúil an féar saibhir speiceas chun a chuid eallach a bheathú).

Cruthaíonn na hithreacha gainimh atá gann ar chothaithigh ar an gcúrsa coinníollacha iontacha do go leor bláthanna fiáine, agus tá siad tar éis deis a thabhairt do na móinéir forbairt go tapa. Tá taispeántais iontacha de bhláthanna fiáine i rith an tséasúir ó na Caisearbháin luatha go dtí na bláthanna déanacha Odhrach Bhallach (gléasra bia Iarbhach don aon speiceas féileacán atá faoi chosaint dhlíthiúil in Éirinn, an Fritileán Riasc), Glanrosc agus Méaracán Gorm.



Seamair Dhearg

ROCHTAIN:

Rochtain theoranta - tosaíocht do ghalfairí

MÉID:

2.4 heicteár sna 'garbhlaigh' bainistithe

PÁIRCEÁIL:

tá, tá sé saor in aisce

CAIFÉ:

tá


LEITHRIS:

tá

ÚINÉIRÍ:

Club Gailf Bhaile an Chaisil

Nóinín Mór





Diméin Chaisleán Bhiorra

Páirceanna an Bhaile, Biorra, Co. Uíbh Fhailí



Tugann an móinéar i nDiméin Chaisleán Bhiorra deis féachaint ar shampla neamhchoitianta d'fhéarthailte leathnádúrtha, atá ar mhórán speiceas, a bhfuil flóra agus fána faoi bhláth iontu!

BAINISTÍOCHT

Tá cead ag an bhféarthailte fás go dtí lúil/Lúnasa gach bliain, ag cinntiú go mbíonn an bhithéagsúlacht dhúchasach faoi bhláth agus ag déanamh go maith. Déanann feirmeoir áitiúil é a ghearradh agus a bhurláil ansin.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

www.birrcastle.com

Tá leabhar scríofa faoin móinéar seo: 'A Microcosmic Jungle, the Meadow in Birr Castle' le John Feehan, 2023.

CUR SÍOS

Tá an móinéar á bhainistiú ar bhealach traidisiúnta ó tháinig an teaghlach Parsons go Biorra, ag caomhnú sampla annamh d'éiceachóras talmhaíochta a bhí coitianta tráth. Ligeann sé seo do staidéar a dhéanamh ar shaintréithe uathúla féarthailte den sórt sin. Tá os cionn nócha speiceas plandaí sa mhóinéar, lena n-áirítear go leor féara éagsúla - Traíthnín Coinfhéar, Feisciú Móinéir, Féar Gortach, Fiteog Léana, agus Féar an Chinn Bháin. Ar feadh na bliana, tá an móinéar bríomhar le dath, le bláthanna cosúil le cam an ime, Sabhaircíní, Biolar Gréagáin/ Léine Mhuire, Seamair Dhearg, Seamair Bhán, Créachtlus, agus go leor speiceas bláthanna eile ann. Le haghaidh an taispeántais is áille den mhóinéar faoi bhláth, moltar go mór cuairt a thabhairt ar Dhiméin Chaisleán Bhiorra idir lár agus deireadh mhí an Mheithimh, nuair a bhíonn an tírdhreach fite fuaite le bláthanna agus le féileacáin, feithidí agus fiadhúlra eile. Seachas táirgeadh talmhaíochta, is é príomhchuspóir an mhóinéir inniu ná cur le háilleacht aeistéitiúil tírdhreach na diméine agus tacú leis an mbithéagsúlacht.

ROCHTAIN:

Inrochtana poiblí ar feadh na bliana. Tá costais iontrála i bhfeidhm (féach an suíomh gréasáin)

MÉID:

8 ha, laistigh den diméin iomlán de 50 ha

PÁIRCEÁIL:

gan aon pháirceáil ar an láthair, carrchlós poiblí in aice láimhe

CAIFÉ:

tá (séasúrach)

LEITHRIS:

tá

OWNERS

Birr Castle Estate



Nóinín Mór agus Féar Gortach

Anaclann Dúlra Dhroim nDamh

in aice le Machaire Rátha, Co. Dhoire



Suite ar imeall Shléibhte Speirín, is tearmann don fhiadhúlra é Anaclann Dúlra Dhroim nDamh ('iomaire an carria') agus tá sé ann mar iarsma speisialta de thírdhreach ársa na hÉireann, lena n-áirítear a mhóinéir iontacha.

BAINISTÍOCHT

Déantar an anaclann a bhainistiú trí innilt shéasúrach ísealdéine, ag baint úsáide as eallach Maol, Pór Dúchasach go príomha. Coinníodh an cleachtas innilte seo ar feadh stair an tsuímh go dtí an lá inniu, rud a ligeann dá bhithéagsúlacht shaibhir a chaomhnú agus a fheabhsú.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<https://drumnaph.org/>

CUR SÍOS

Tá an anaclann dúlra seo faoi úinéireacht agus faoi bhainistiú an phobail mar chuid de mhór-anaclann Dhroim nDamh a mbaineann 85 heicteár de choillearnach ársa, coillearnach dhúchasach curtha, bogaigh agus móinéir léi. Tá an anaclann oscailte don phobal chun taitneamh a bhaint aisti. Is samplaí iontacha iad na móinéir den chaoi a raibh an tuath tráth, roimh theacht na luibhicíde agus leasacháin shaorga. Baintear úsáid as féarach geimhridh chun bainistiú a dhéanamh ar na páirceanna a bhfuil raon leathan speiceas plandaí iontu lena n-áirítear an gliográn, Dearna Mhuire agus Odhrach Bhallach.

Tá na móinéir mar chuid de mhósáic coillearnaí, bogaigh agus féarthailte de ghnáthóga, ag tacú le líon mór feithidí agus amfaibiaigh. Go deimhin, go luath sa samhradh, is cosúil go bhfuil na móinéir beo leis na mílte frogán, atá ar a gcéad iarracht ar thalamh tar éis dóibh teacht amach as an iliomad lochán ar an anaclann. Is suíomh iontach é an Droim nDamh ar féidir le daoine agus an dúlra taitneamh a bhaint as. Tá na móinéir oscailte don phobal chun taitneamh a bhaint astu ar feadh na bliana ar fad, ach is fearr an t-earrach agus an samhradh más mian leat taitneamh a bhaint as a raon bláthanna.

ROCHTAIN:

Inrochtana poiblí ar feadh na bliana

MÉID:

40 ha, laistigh d'anaclann de 85 ha

PÁIRCEÁIL:

tá, tá dhá charrchlós ar fáil - ag Bóthar Halfgayne & Bóthar Grillagh

CAIFÉ:

Míle ar shiúl ag An Carn:

<https://ancarn.org/>

LEITHRIS:

tá

OWNERS

Cumann Pobail Charn Tóchair & Iontaobhas na Coille





Teach agus Diméin Dhoire Fhíonáin

Doire Fhíonáin, Co. Chiarraí



Ag barr theas Leithinis Uíbh Ráthaigh, tá os cionn 120 heicteár de thailte saibhir ó thaobh oidhreachta nádúrtha agus cultúrtha de ag Diméin Dhoire Fhíonáin, lena n-áirítear limistéir áille féarthailte leathnádúrtha.

BAINISTÍOCHT

Déantar na dumhcha seasta a bhainistiú trí innilt gheimhridh ag eallach, agus déantar monatóireacht orthu lena chinntiú go bhfuil dóthain gnáthóige oiriúnach ann chun an Seilide Rinseach Béalchaol cosanta a chothú. Gearrtar na móinéir thirim taobh thiar de na dumhcha dhá uair sa bhliain, san earrach agus i mí Mheán Fómhair. Déantar limistéir féarthailte fliucha in aice leis an gcarrchlós a bhainistiú le gearradh luath chun fás luachra a laghdú, agus gearradh níos déanaí sa samhradh nuair a cheadaíonn na coinníollacha.



Seilide Rinseach Béalchaol

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<https://heritageireland.ie/places-to-visit/daniel-oconnell-house-derrynane-house>

CUR SÍOS

Ag barr theas Leithinis Uíbh Ráthaigh tá Teach Dhoire Fhionáin, áras teaghlaigh Dhónall Uí Chonaill. Tá tírdhreach na diméine san áireamh anois i bPáirc Náisiúnta Stairiúil Dhoire Fhionáin le breis agus 120 heicteár de thailte saibhir ó thaobh oidhreachta nádúrtha agus cultúrtha de agus tá neart seoda seandálaíochta, gairneoireachta, luibheolaíochta agus éiceolaíochta faoi úinéireacht an Stáit agus á mbainistiú ag an OOP. Faoi thionchar díreach na haeráide tais, te atá cruthaithe ag Síobadh Mór an Atlantaigh Thuaidh, fásann líon suntasach flóra agus fána atá faoi bhagairt agus beagnach faoi bhagairt ag Doire Fhionáin.

Tá go leor speiceas de phlandaí bláthanna sna móinéir éagsúla agus tá siad saibhir ó thaobh magairlí de. Bíonn teacht níos minice ar mhagairlí na mBeach le roinnt blianta anuas. I measc na limistéir féarthailte fhliucha tá an Minscath, Feileastram agus Airgead Luachra. Is díol suntais é Lile Fhionáin, atá i láthair ag roinnt de na suíomhanna is fearr agus atá cosanta faoin Ordú Flóra (Cosaint), 2022. Tacaíonn na gnáthóga féarthailte níos leithne freisin le daonraí tábhachtacha den Chnádán atá i mbaol, atá cosanta faoin Acht um Fhiadhúlra na hÉireann, agus atá liostaithe freisin in larscríbhinn IV de Threoir an AE maidir le Gnáthóga. Is gníomhaíocht í an clár bainistíochta féarthailte i nDoire Fhionáin faoi Straitéis Gníomhaíochta Bithéagsúlachta an OOP 2022-2026.

ROCHTAIN:

Rochtain phoiblí saor in aisce ar feadh na bliana chun féarthailte cósta a oscailt

MÉID:

40 ha, in eastát de 120 ha

PÁIRCEÁIL:

tá, ag Teach Dhoire Fhionáin

CAIFÉ:

tá

LEITHRIS:

tá

OWNERS

Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP)





Teach, Gairdíní & Páirc Belvedere

ó dheas den Mhuileann gCearr, Co. na hIarmhí



Limistéir mhóra de mhóinéar atá iontach i lár an tsamhraidh, nuair atá na bláthanna ar lasadh le dathanna.

BAINISTÍOCHT

Baintear na 18 heicteár de mhóinéir i mí Mheán Fómhair, agus baintear na gearrthóga de.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<https://belvedere-house.ie/>

CUR SÍOS

San iomlán, tá 65 heicteár de chonairí féarthailte agus coillearnaí ag Eastát Belvedere. Tá cleachtais bhainistíochta talún inbhuanaithe ionchorpraithe ag an eastát, ag díriú ar an dúlra a fheabhsú agus tacú le speicis dhúchasacha. Déantar na móinéir féarthailte a bhainistiú go gníomhach don bhithéagsúlacht. Áirítear leis seo fás bláthanna fiáine a chur chun cinn trí bhainistíocht traidisiúnta móinéir féir a mhacasamhlú, le gearradh amháin go séasúrach.

Tá éagsúlacht shuibhir de speiceas plandaí dúchasacha le fáil sna móinéir ag Teach agus Gairdíní Belvedere. I measc na gceann is suntasaí tá bláthanna fiáine ar nós Nóinín Mór, cam an ime, Seamair Dhearg, Mínscoth, Gliográn, Peasairín Buí agus Nuacht Bhallach, a mbaineann roiseanna bríomhara dathanna leo agus a sholáthraíonn acmhainní riachtanacha do phailneoirí. Tacaíonn na móinéir freisin le héagsúlacht féar, lena n-áirítear speicis cosúil le Feisciú Móinéir, Féar Cumhra, Féar Gortach, Féar an Chinn Bháin, agus a chruthaíonn struchtúr bunúsach na gnáthóige. Le chéile, meallann na plandaí seo fiadhúlra éagsúil, lena n-áirítear beacha, féileacáin, beacha ghabhair, snáthaidí mhóra agus leamhain, ag cur le pailniú agus sláinte éiceachórais iomlán. Tacaíonn na móinéir freisin le Sionnaigh, Iora Rua, ialtóga, Giorria Éireannach, Broc, Dallóg Fraoigh, Luch Fhéir, go leor speiceas de bheatha éan, agus macra agus micrea-inveirteabraigh. I dteannta a chéile, cruthaíonn siad éiceachóras cothrom, rathúil a athraíonn leis na séasúir, atá ina n-údar mór spéise agus a chuireann tairbhí éiceolaíochta ar fáil, ar feadh na bliana.

ROCHTAIN:

Inrochtana poiblí ar feadh na bliana. Tá costais iontrála i bhfeidhm (féach an suíomh gréasáin)

MÉID:

18 ha

PÁIRCEÁIL:

tá

CAIFÉ:

tá

LEITHRIS:

tá

OWNERS

Comhairle Contae na hIarmhí





Teach na mBád le Caisleán Chrom sa chúlra ag Crom, Contae Fhear Manach.
© Íomhánna an Iontaobhais Náisiúnta/Chris Lacey

An Chrom

An Baile Nua, Co. Fhear Manach



Lonnaithe ar chladach Loch Éirne Uachtarach, tá oileáin shuaimhneacha, coillearnacha ársa agus fothracha stairiúla timpeall na bhféarthailte páirce lán de bhláthanna ag Crom.

BAINISTÍOCHT

Tá na féarthailte á innilt ag eallach den chuid is mó, ach bíonn caoirigh, capaillíní agus fia buí ag innilt i gceantair áirithe. Bíonn an innilt íseal go leor chun cosc a chur ar bhaint an choirt nó damáiste ó phóitseáil do fhréamhacha na gcrann. Déantar thart ar leath den fhéarthailte páirce (25 ha) a bhainistiú faoi réimeas gearrtha féir go déanach sa séasúr, agus bíonn eallach nó caoirigh ag innilt ina dhiaidh sin ag brath ar urrann agus ar mhéid na rochtana poiblí.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<https://www.nationaltrust.org.uk/visit/northern-ireland/crom>

CUR SÍOS

Tá Eastát Chrom suite i nDeisceart Fhear Manach ar chladach Loch Éirne Uachtarach agus tá raon iontach gnáthóg leathnádúrtha ann a chuimsíonn bogaigh, féarthailte, fearann páirce agus coilearnach. Tá an t-eastát trasna ar an dá thaobh den loch a bhfuil achar timpeall de 788 heicteár ag baint leis. Ciallaíonn cáilíocht agus éagsúlacht na ngnáthóg gur láithreán caomhnaithe tábhachtach é Crom, rud atá aitheanta ag ainmniúcháin náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Tá cuid de na samplaí is fearr de ghnáthóg fearann páirce i dTuaisceart Éireann ag Crom, athraíonn an ghnáthóg féarthailte faoi bhun ó fhéarthailte leathfheabhsaithe go fionnán agus féarach luachra, agus móinéar ísealchríche le Nuacht Bhallach, Glanrosc, Cluas Chait, Mínscoth, Gliográn, Seamair Dhearg agus Slánlus.

Tá féarthalamh fliuch atá saibhir ó thaobh speiceas de fairsing, agus is minic a chruthaíonn sé aistrithe casta le gnáthóg eanach, giolcarnach agus seascann. Is Feorainne agus Lachán na nDamhna is mó atá sa féarthailte seo, áit a bhfuil raon luibheanna cosúil le Lus an Dá Phingin, Lus Síoda, Lus na Pingine agus Glasair Léana Bheag. Tá Breallán Léana agus Créachtach araon ag eanach 'móinéir', áit a bhfuil Cnó Léana agus Airgead Luachra go flúirseach. Léirítear cáilíocht na bpobal féarthailte atá le fáil ag Crom sa líon mór plandaí neamhchoitianta agus suntasacha a fhaightear ann lena n-áirítear fealla bog, Peasairín Corraigh, Meacan Uisce agus Feilistrín Gorm.

ROCHTAIN:

Rochtain phoiblí ar feadh na bliana le táille iontrála (saor in aisce do chomhaltaí an Iontaobhais Náisiúnta)

MÉID:

215 ha d'eanach, féarach fliuch, móinéir agus fearann páirce

PÁIRCEÁIL:

tá, in aice leis an ionad cuairteoirí

CAIFÉ:

tá (séasúrach)

LEITHRIS:

tá

OWNERS

An Iontaobhas Náisiúnta



Leanbh le líon féileacán ag Crom, Contae Fhear Manach.
© Íomhánna an Iontaobhais Náisiúnta/Chris Lacey



Caisleán an Bhardaigh

in aice le Dún Pádraig, Co. an Dúin



Suíomh fearann páirce le féarthailte saibhir i speiceas suite ar chladach Loch Cuan, laistigh de thírdhreach a bhfuil cnoic droimníní rollta.

BAINISTÍOCHT

Is limistéar tábhachtach féarthailte leathnádúrtha laistigh den eastát níos leithne é Limistéar Sainspéise Eolaíochta Tulaigh Raite a dhéantar a bhainistiú ar bhealach traidisiúnta. Tá ithreacha tanaí sa cheantar a bhfuil lomáin chreagacha agus mar sin ní oireann sé do ghearradh féir. Ina áit sin, coinníonn innilt caomhnaithe ag Bollataigh thar míonna an gheimhridh an éagsúlacht bláthanna ar an láthair.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<https://www.nationaltrust.org.uk/visit/northern-ireland/castle-ward>

CUR SÍOS

Faightear luibheanna atá tipiciúil d'fhéarthailte a bhainistítear go traidisiúnta ar fud Thulaigh Raite agus tá Glanrosc, Mínscoth agus Nuacht Bhallach ina measc. Tá na féara Feisciú Dearg, Tráithnín Coinfhéar, Feorainn Mhín agus Féar Cumhra coitianta sa bháinseach. Tá dáileadh níos logánta ag luibheanna eile ar nós an Gliográn agus an Mealbhacán. Is minic a bhíonn Ainís fhiáin go háitiúil ar an suíomh; is minic a bhíonn sé seo in oirdheisceart an Dúin agus sna cnoic basailt timpeall Bhéal Feirste, ach is annamh agus logánta é in áiteanna eile i dTuaisceart Éireann. Cuirtear éagsúlacht bhreise ar fáil trí scrobarnach a bheith ann agus is gnáthóg luachmhar í d'fheithidí, d'éin agus do mhamaigh. Soláthraíonn an suíomh ísealchríche ar fhána thiar theas gnáthóg iontach d'fheithidí; i rith mhíonna an tsamhraidh, tá an ceantar beo le feithidí pailnitheacha ar nós an Bhumbóg Earr-Rua, Fritileán Dúghlas, Copróig Bheaga.

Tá réimse cineálacha féarthailte agus cur chuige bainistíochta ag an bhfearann páirce níos leithne ag Barda an Chaisleáin. San am a chuaigh thart, baineadh cuid mhór féarthalamh ar mhaithe le taitneamhacht agus luach aeistéitiúil. Le blianta beaga anuas, laghdáíodh baint, rud a ligeann do níos mó réimsí do phlandaí dúchasacha fás, bláthú agus síolta a shocrú. Chuir sé seo ar chumas na móinéir trasna an eastáit a athchóiriú go nádúrtha. Cuireadh síol bunáitíochta áitiúil ó Thulaigh Raite i gceantair áirithe chun iarrachtaí athchóirithe a threisiú. Úsáidtear comharthaíocht agus léirmhíniú chun feasacht a ardú ar chórais bhainistíochta le haghaidh athchóiriú an dúlra.

ROCHTAIN:

Rochtain phoiblí ar feadh na bliana le táille iontrála (saor in aisce do chomhaltaí an Iontaobhais Náisiúnta)

MÉID:

23 ha i dTulaigh Raite, 15.5 heicteár de mhóinéir i bhfearann páirce

PÁIRCEÁIL:

tá, in aice leis an gclós stábla

CAIFÉ:

tá (séasúrach)

LEITHRIS:

tá

OWNERS

An tIontaobhas Náisiúnta



Bollataigh ag innilt i dTulaigh Raite, Contae an Dúin.
Íomhánna an Iontaobhais Náisiúnta/Sarah Burch





Páirc Sir Thomas agus Lady Dixon

Béal Feirste, Co. Aontroma



Cinntíonn neas-suíomh móinéir ísealchríche agus gairdín rósanna idirnáisiúnta cuairt suimiúil.

BAINISTÍOCHT

Baintear móinéir le haghaidh féir sa samhradh.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<https://www.belfastcity.gov.uk/things-to-do/parks-and-open-spaces/a-z-parks/sir-thomas-and-lady-dixon-park>

CUR SÍOS

Bunaíodh an suíomh ar dtús i lár an 18ú haois, mar chuid d'eastát Wilmont, agus rinneadh feirmeoireacht ar an suíomh le haghaidh barra agus línéadach tuaradh. Mheall an t-eastát, a chuimsigh gairdín múrtha, limistéir phlandála neamhfhoirmiúla agus lóistí geata chomh maith, roinnt úinéirí éagsúla sular ghlac na Dixons seilbh air in 1919. Bhronn an Bhantiarna Dixon an suíomh ar mhuintir Bhéal Feirste in 1959, i gcuimhne ar a fear céile, Sir Thomas, nach maireann. Sna 1980idí, ghlac Comhairle Cathrach Bhéal Feirste le beartas athchóiriú móinéir. Fágadh páirceanna a baineadh go rialta tráth gan ghearradh i rith an tsamhraidh agus rinneadh iad a bhainistiú le haghaidh féir. Ba é an toradh a bhí air ná sraith féarthailte saibhir i speiceas ina raibh plandaí agus ainmhithe nach bhfacthas sna páirceanna le fada an lá.

Tá go leor plandaí sna móinéir sa pháirc lena n-áirítear an Mínscoth, Gliográn, Crág Phortáin agus Tursarraing Bheag. Bíonn roinnt blianta eile caite nó go bhfeictear radharc ar speicis eile, ar nós magairlí. Ar dtús, níor taifeadadh Nuacht Bhallach ach i ngrúpaí beaga iargúlta, ach tá siad forleathan anois ar fud an tsuímh. I measc na magairlí eile a taifeadadh tá magairlín Mór an Fhéileacáin agus magairlín Beag an Fhéileacáin araon. Tá an suíomh tábhachtach freisin le haghaidh fungais, lena n-áirítear an Caidhp Léana Bhándearg galánta.

ROCHTAIN:

Inrochtana poiblí ar feadh na bliana

MÉID:

c.4.5 ha

PÁIRCEÁIL:

tá

CAIFÉ:

tá

LEITHRIS:

tá

OWNERS

Comhairle Cathrach Bhéal Feirste



Mínscoth



Magairlín Mór an Fhéileacáin



Bumbóg Earr-Rua



Caidhp Léana Bhándearg

Anaclann Dúlra Bhaile Uí Thaidhg

in aice le Lios Dúin Bhearna, Co. an Chláir



Ag fána síos go gleann abhann, tá an suíomh álainn seo beagnach go hiomlán comhdhéanta de chineál féarthailte fliuch annamh agus cosanta ar a dtugtar Móinéir Molinia.

BAINISTÍOCHT

Tá an féarthailte a innilt go héadrom ag eallach ó Aibreán go Samhain. Osclaíonn innilt éadrom an bháinseach, laghdaítear an méid bruscair duille a thiomsú agus briseann sé cnapáin dhlútha luachra. Ní chuirtear aon leasachán ar an talamh.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<https://www.npws.ie/protected-sites/sac/000994>

CUR SÍOS

Tá an suíomh seo faoi úinéireacht SPNF agus á bhainistiú mar Anaclann Dúlra. Téann sé i dtreo Abhainn na hAille agus tá buncharraig scealla faoina bhun. Is é féarthailte fliuch an phríomhghnáthóg leathnádúrtha, cuid mhaith de ag teacht leis an ngnáthóg Móinéir Molinia, atá liostaithe le haghaidh cosanta ar Threoir an AE maidir le gnáthóga. Is féidir leis an ngnáthóg seo a bheith an-saibhir ó thaobh speiceas de, agus tarlaíonn sruthanna fliucha (áiteanna fliucha a chothaíonn uisce báistí agus screamhuisce) ar fud an cheantair. Tá roinnt limistéar fraochmhá ar an suíomh freisin atá teoranta don imeall thiar.

Laistigh de limistéir féarthailte fhliucha, is iad na speicis is mó atá i gceist ná Feochadán Móna, Fiastalach, Fionnán, Fiteog Léana agus Odhrach Bhallach. I measc na speiceas eile tá Normentil, Glasair Léana Bheag, Féar Cumhra, Biolar Gréagáin agus tá flúirse magairliní seascann ann. Is iad seiscí, Lus Buí Bealtaine agus Luachair Bhog is mó atá sna srutháin, agus is Fionnán, Fraoch agus lus an ghiolla is mó atá sna limistéir fhraoigh. Tá bríft (caonach agus aelusanna) ag fás go forleathan ar an suíomh agus tá inveirteabraigh ansin chomh maith, agus tá coilíneacht bheag den fhéileacán Fritileán Riasc ann.

ROCHTAIN:

Rochtain trí shocrú leis an SPNF, nó trí shiúlóidí/cainteanna ócáideacha ar an láthair

MÉID:

5.6 ha

PÁIRCEÁIL:

Níl i gceist

CAIFÉ:

Níl i gceist

LEITHRIS:

Níl i gceist

OWNERS

Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF)



Sciollam na Móna



Bumbóg ar Fheochadán Móna





Láithreáin Talamh Feirme

Ar ndóigh tá go leor samplaí iontacha d'fhéarthailte leathnádúrtha le fáil ar thalamh feirme príobháideach. Tá siad seo fós beo mar gheall ar ghníomhaíochtaí bainistíochta na bhfeirmeoirí le blianta fada anuas. Tá siad mar chuid de ghréasán ríthábhachtach láithreán don bhithéagsúlacht ar fud an oileáin.

DÁN

'Grass'

by Grace Wells
.....

Grass, I've been watching you,
so slow to turn from winter to spring,

then growth green and low,
pushing up your language
of spikelet and seed-head,

soft, blowsy, tufted,
florets and anthers and awns.

A plenitude. A beatitude.
Some old religious word
for abundance and beauty combined,

but nothing lofty,
just grass,

fescue, scutch, timothy,
dog's tail, fox tail,
hard-grass, hair-grass, heath.

Where grain begins.
Where it all begins,

down in the grass.

Is í Grace Wells, file agus scríbhneoir atá lonnaithe in Inis Díomáin, Co. an Chláir a scríobh an dán seo. Tá a cuid filíochta agus prós bunaithe go láidir ar an dúlra, ar an timpeallacht agus ar spiorad na háite. Chonacthas an dán seo in 'Windfall - Irish nature poems to inspire and connect', bailiúchán le Jane Clarke. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Grace ag: wellsgem68@gmail.com



Talamh feirme ar bhruacha Loch Rí

ó thuaidh ó Bhaile Átha Luain, Co. na hIarmhí



Móinéar féarthailte álainn atá ar mhórán speiceas a shíneann chomh fada le Loch Rí, in aice le Calaidh na Sionainne

BAINISTÍOCHT


Ag innilt sa gheimhreadh le líon beag caorach. Tógtar iad seo chun bealaí i mí na Bealtaine agus tá an móinéar dúnta. Déantar é a ghearradh le haghaidh féir go déanach i mí Iúil go Lúnasa.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

Níl aon suíomh gréasáin nó rochtain phoiblí

CUR SÍOS

Móinéar féir iontach a bhainistítear go traidisiúnta agus atá iata ag fáлта sceach aibí. Síneann sé chomh fada le ceantair luibheolaíocha éagsúla ar imeall Loch Rí. Tá raidhse dath ar an móinéir sa samhradh, agus é lán d'Fhéar Gortach, Tráithnín Coinfhéar, Seamair Dhearg, Fearbán Féir, Gliográn, Duán Ceannchosach agus Nóinín Mór.



ROCHTAIN:

Gan rochtain phoiblí

MÉID:

2 ha

PÁIRCEÁIL:

Níl i gceist

CAIFÉ:

Níl i gceist

LEITHRIS:

Níl i gceist

ÚINÉIRÍ:

Talamh feirme faoi úinéireacht phríobháideach





Talamh feirme ag ‘Na Carraigeacha’

in aice le Teach Mhic Conaill, Co. Ros Comáin



Tá limistéar mór féarthailte leathnádúrtha ag an bhfeirm seo ar ithir cailcreach dea-dhraenáilte. Tá raon de bhláthanna fáine ann, agus féarach caomhnaithe ina chabhair acu. Cosúil le Boirinn bheag ann!

BAINISTÍOCHT

Ar innilt sa gheimhreadh ag eallach Hereford.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<https://www.facebook.com/Walk theRocks>



Magairlín Beag an Fhéileacáin

CUR SÍOS

Faighítear limistéir mhóra d'fhéarthailte cailcreach atá ar mhórán speiceas sa limistéar seo. Taifeadadh go leor speiceas magairlíní lena n-áirítear - Nuacht Bhallach, Magairlín an Loscáin, Lus Taghla na Móna, na Círcíní agus Magairlín Beag an Fhéileacáin. Bíonn sraith de bhláthanna faoi bhláth ó thús an earraigh go dtí an fhómhar, lena n-áirítear Sabhaircíní, Searbh na Muc, Boladh Cnis, Tím Chreige, Crobh Éin agus Mínscoth. Faighítear speicis níos annamha cosúil le Catluibh, Méara Muire, Feochadán Mín, Crág Phortáin Gharbh, Ainís Fhiáin agus Lus na mBan Sí freisin. Ní haon ionadh mar sin gur tearmann don fhiadhúlra é, agus feithidí, éin agus mamaigh le fáil ar fud fad na háite.

Tá an tírdhreach mar a bheadh taisceadán todhchaí, léargas ar a raibh forleathan i nDeisceart Ros Comáin tráth. Tá sé seo nasctha go díreach le bainistíocht íogair agus cleachtais feirmeoireachta traidisiúnta na dteaghlach feirmeoireachta áitiúil thar na glúnta go leor, agus is fiú é a chosaint do na glúnta atá le teacht. Tá cead ag eallach an talamh a innilt i rith mhíonna an gheimhridh, agus baintear iad go luath san earrach. Go déanach i mí Lúnasa, tarlaíonn roinnt innilt éadrom le monatóireacht laethúil ar an tréad. Soláthraíonn an tírdhreach seo uisce óil úr do dhobharcheantar mór i Ros Comáin.



Méara Muire agus Searbhán Muc

ROCHTAIN:

Príobháideach, ach siúlóidí le feirmeoir ar fáil, ach ar iarratas (liamkildea@gmail.com)

MÉID:

20 ha, suite laistigh de limistéar níos leithne ar a dtugtar 'Na Carraigeacha'.

PÁIRCEÁIL:

trí shocrú amháin

CAIFÉ:

Níl i gceist

LEITHRIS:

Níl i gceist

ÚINÉIRÍ:

Talamh feirme faoi úinéireacht phríobháideach



Nead Seangán





Talamh feirme ag Teach Bhaile an Chalbhaigh

in aice le Cill Chuilinn, Co. Chill Dara



Tá limistéir áille féarthalamh tirim agus fliuch ag an bhfeirm seo atá fós ann le blianta fada trí bhainistíocht bháúil. Tá sé suite ar bhrúach oighreach fada a bhfuil a aghaidh ó dheas.

BAINISTÍOCHT

Tá an móinéar á bhainistiú go báúil le 60 bliain anuas. Laistigh den tréimhse sin, bhí réimis innilt éagsúla aige. Le ceithre bliana anuas, tá sé á stiall-innilt ag ba Aubrac ó Shamhain go Feabhra nuair a cheadaítear ansin fás, bláthú agus síol a chur go dtí mí na Samhna dár gcionn. Roimhe sin bhí sé gearrtha le haghaidh féir i mí Iúil, ansin innilt ag ba Aubrac go dtí deireadh an tséasúir.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<https://www.farmingfornature.ie/wp-content/uploads/2019/07/FFN-Leaflet-WEB.pdf>

CUR SÍOS

Tá an féarthalamh seo ar shuíomh foscúil a bhfuil a aghaidh ó dheas, áit a bhfuil fála sceaigh ard ilspeicis ag an mbarr, a bhfuil fána síos go dtí gíolcach agus sruthán ag an mbun. Cuimsíonn an móinéar éagsúlacht mhór bláthanna agus féara, lena n-áirítear Féar an Chinn Bháin, Traíthnín Coinfhéar, Féar Cumhra, Gliográn, Seamair Dhearg, Dúmheidic, Crobh Éin, Feabhrán, Boladh Cnis agus magairlí. Bíonn Airgead Luachra, Créachtach, Caorthann Corraigh agus Gallfheabhrán le fáil sna ceantair taise. Soláthraíonn sé seo gnáthóg leanúnach do raon leathan feithidí agus inveirteabraigh le linn an tséasúir fáis.

Taifeadadh go leor speiceas éagsúil de fhéileacáin, bumbóga, beacha aonair, beacha ghabhair agus leamhain. Tá an Beach Charda Mór annamh ann freisin. Is údar spreagtha iad éagsúlacht na bhfeithidí agus na n-inveirteabrach do speicis éan ar nós Caislín Cloch, Gealóg Gíolcaí, Ceolaire Casarnaí ó am go chéile agus sa gheimhreadh, an Naoscach, Creabhar agus imircigh eile ar cuairt.

ROCHTAIN:

Príobháideach, ach siúlóidí le feirmeoir ar fáil, ar iarratas

MÉID:

5 ha, laistigh d'fheirm orgánach níos mó

PÁIRCEÁIL:

trí shocrú amháin

CAIFÉ:

Níl i gceist

LEITHRIS:

Níl i gceist

ÚINÉIRÍ:

Talamh feirme faoi úinéireacht phríobháideach



Gliográn



Beach Chardála Caonaigh ar Mhínscoth





An Chloch Mhantach

in aice le Bhaile Sheáin, Co. Chill Chainnigh



Is cuid de scairp íseal aolchloiche é Cnoc an Chloch Mhantach a ardaíonn ó mhachaire lárnach na hÉireann, rud a chruthaíonn gnáthóga féarthailte uathúla agus tábhachtacha. Is Limistéar Caomhantais Speisialta (LCS) é an láithreán atá roghnaithe le haghaidh féarthailte cailcreach atá ar mhórán speiceas.

BAINISTÍOCHT

Déantar thart ar leath den fhéarthailte aolchloiche a bhainistiú faoi Scéim Phlean Feirme an SPNF agus déantar é a innilt ó Dheireadh Fómhair go hAibreán le heallach Dexter, seanphór Éireannach. Déantar an leath eile a innilt den chuid is mó san earrach/samhradh agus laonna Freaslannacha air.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<https://www.npws.ie/protected-sites/sac/000849>

CUR SÍOS

Tá an suíomh seo saibhir ó thaobh éagsúlacht bláthanna de mar thoradh ar innilt gheimhridh agus eallach ar fhéarthalamh an chnoic aolchloiche. Tarlaíonn laftáin bheaga nó leatháin chothroma nochta agus is minic a shíonchaítear isteach i bpatrún pábhála iad, cosúil leis an gceann a fhaightear sa Bhoirinn, Co. an Chláir. Tar éis an stoc a bhaint, is féidir le plandaí fás, bláthú agus síol a shocrú, rud a fhágann go bhfuil comharbas féar agus bláthanna fiáine cosúil le Tráithnín Coinfhéar, Cuise Mín, Coirce Buí, Féar Gortach, Tím Chreige, Searbh na Muc, Ainís Fhiáin, Glanrosc, Lus na mBan Sí agus Nóinín Mór. Fásann Magairlín Féitheach neamhchoitianta go tíosach tríd an bpobal seo, in éineacht le Magairlín an Loscáin agus Nuacht Bhallach. Tá roinnt aillte le fáil ar an taobh theas de Chloch Mhantach áit a bhfuil Scim Leathan coitianta, chomh maith le Gas Caillí Giobach. Tá codanna den suíomh seo saibhir i bhfungais freisin, go háirithe Caidhpíní.

Tá coillearnach le fáil ar an bhfána thiar thuaidh, faoi cheannas Coll agus Beith Chlúmhach, le raon maith speiceas luibheanna sa chiseal talún. I limistéir úscaíola is iad an Glóiris, Glasair Choille agus Cíb Scartha is mó atá ar fáil, agus tá beagán Macall Uisce, Lus Moileas agus Móinfhéar Garbh ag bun an fhána. Tá pobal d'fhéileacán fritileán riasc ar an suíomh chomh maith, le tacaíocht ó Odhrach Bhallach.

ROCHTAIN:

Gan rochtain phoiblí

MÉID:

c.100 ha

PÁIRCEÁIL:

teoranta agus trí shocrú

CAIFÉ:

Níl i gceist

LEITHRIS:

Níl i gceist

ÚINÉIRÍ:

Tá an cnoc faoi úinéireacht phríobháideach ag triúr úinéirí talún ar leith



Eallach Dexter



Caidhp



Talamh feirme ag Derreenatloghtan

in aice le Boston, Co. an Chláir



Lonnaithe ar ísealchríocha oirthear na Boirne, tá raon iontach plandaí sna páirceanna seo lena n-áirítear iad siúd a bhí coitianta ar fud na hÉireann tráth, chomh maith le bláthanna féarthailte neamhchoitianta.

BAINISTÍOCHT

Mar chuid d'fheirm diúil tráchtála, tá an talamh seo innilte sa gheimhridh den chuid is mó ag ba ilchríochach, crosphóraithe, cuid acu a mbeirtear laonna dóibh anseo san earrach. Cuidíonn innilt éadrom go déanach san earrach nó i mBealtaine/Meitheamh leis an bhfionnán agus an Raithneach Mhór a choinneáil ó bheith ceannasach in áiteanna. Déantar rialú scrobarnaí spriocdhírthe nuair is gá chun an féarthalamh a chosaint.



Ceadharlach Bealtaine

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<https://www.npws.ie/protected-sites/sac/001926>

CUR SÍOS

Grádaíonn limistéir fhairsing d'fhéarthailte cailcreach atá saibhir ó thaobh speiceas de ina bhféarthailte neodracha, fraochmhá aolchloiche, pábháil aolchloiche, scrobarnach Coll agus turlach. Tugtar faoi thuras bláthanna trí na séasúir, agus bláthanna an tsamhraidh - Féar Gortach, Lus Braonach, Crobh Dearth agus go leor magairlí ar nós Ballach Coiteann, Pirimidiúil, Beach, Cuil, Magairlín Beag an Fhéileacáin agus Riasc ag teacht in ionad bhláthanna an earraigh - lena n-áirítear raon de Mhagairlí Meidhreacha agus 'speisialtachtaí' na Boirne, Ceadharlach Bealtaine, Leaithín agus Féar Boirne. I lár an tsamhraidh agus san fhómhar bíonn Cab an Ghasáin, Mínscoth Mhór, Méaracán Gorm, Fionnscoth, Lus an Chrúbáin agus Muilcheann agus smúiteán d'Odhrach Bhallach. Fásann an rathneach annamh agus atá deacair le feiceáil, Lus na Míosa anseo freisin.



Fritileán Péarlach

Is parthas do phailneoirí an séasúr fada de bhláthanna agus raidhse fórsa bláthanna fiáine seo. Bíonn rath ar an mBeach Charda Chaoldoird anseo, mar a bhíonn go leor dár bhféileacáin neamhchoitianta - Donnán, Fritileán Péarlach agus Donnóg Aille, agus leamhain ar nós an Buí Breac, Drúcht, Buirnéad Trédhearcach, agus Glaisín Bhoirne. Is gné iad cnoic mhóra seangáin le go leor acu tógtha ar aolchloch lománaithe nó feadh na rannáin ísle líneacha cloiche sa chuid theas - seangáin la bhfuil teas faoin urlár acu! Tagann imircigh leis na héin chónaitheacha ar nós Fuisseoga, Riabhóga Mhóna agus Chcorcrán Coille san earrach - an Ceolaire Sailí, Gilphíb, Caipín Dubh agus an Chuach, ag teacht chun a n-óg a bheathú leis na hinveirteabraigh luachmhara nó i gcás na Cuaiche, chun maireachtáil i neadacha na gcónaitheoirí.



Mínscoth Mhór



Cnoic Seangáin



Lus Braonach

ROCHTAIN:

Gan rochtain phoiblí

MÉID:

c.33 ha suite i measc mósáic de ghnáthóga arb ionann iad agus c.60 ha san iomlán

PÁIRCEÁIL:

trí shocrú amháin

CAIFÉ:

Níl i gceist

LEITHRIS:

Níl i gceist

ÚINÉIRÍ:

Talamh feirme faoi úinéireacht phríobháideach



Teach Mór Tuaithe agus Feirme Lóiste Chill Rannaileach

Cill Téagáin, Co. Chill Mhantáin



Tá féarthailte leathnádúrtha éagsúla ag feirm Carberry atá teorantach le bogaigh, coillearnach fhliuch agus fraochmhá.

BAINISTÍOCHT

Tá an féarthailte á bhainistiú ag innilt geimhridh le caoirigh, ag tosú i mí na Samhna agus ag dul ar aghaidh trí shraith de bhanracha fálaíthe. Déantar innilt a uainiú ionas go mbeidh roinnt banracha saor ó innilt chomh luath le mí na Nollag. Fágтар iad ag fás, agus gearrtar iad idir Iúil agus Meán Fómhair, rud a ligeann do cheannbhrat bláthanna leanúnach do phailneoirí. Tá an féarthalamh fliuch innilte ó Mheán Fómhair go deireadh mhí na Samhna ag capaill.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<https://kilraelagh lodge.ie/>

CUR SÍOS

Rinneadh suirbhé ar na féarthailte mar chuid de scéim agra-chomhshaoil ACRA agus tá sé cruthaithe go bhfuil raon éagsúil speiceas plandaí acu. I measc siúd a taifeadadh go dtí seo tá an Gliográn, Finidí na Muc, Boladh Cnís, Sabhaircín, Baine Bó Bleachtáin, Samhadh Bó, Samhadh Caorach, Méara Muire, Lus Cúráin, Cluas Chait, Peasairín Buí, Crobh Éin, Nóinín Mór, Cúlarán, Lus na Seabhaic, Airgead Luachra, Athair Thalún, Gallfheabhrán, Seamair Bhán, Glanrosc, Feabhrán, Tursarraingí, Copóg Chatach, Slánlus, Lus Míonla, Duán Ceannchosach, Glasair Choille, Cab an Ghasáin, Sailchuacha, Peasair na Luch, Odhrach Bhallach, Feochadán Corraigh, Feochadán Móna, Seamair Dhearg, Mínscoth, Feochadán Colgach, Lus Síoda, Magairlín na mBeach, Tím Chreige agus Biolar Gréagáin. I measc na speiceas a thaifeadtar san fhéarthailte fliuch tá Fionnscoth, Lus Buí Bealtaine, Lus na Pingine, Giúnach, Mismín, Lus an Ghiolla agus Cnáib Uisce. Tacaíonn na limistéir seo freisin le daonra pórúcháin den Fritileán Réisc atá faoi chosaint.

Tá na móinéir lán de ghníomhaíocht ó thús an tsamhraidh agus go leor beacha, féileacáin, dreoilíní teaspaigh agus leamhain ansin, lena n-áirítear Buirnéad Sébhallach agus Conach Foluana. Taifeadadh go leor speiceas éan freisin lena n-áirítear Crotach, Scréachóg Reilige, Cnagaire, Lasair Choille agus Fuisseog.

ROCHTAIN:

Priobháideach, ach is féidir cuairteanna a shocrú trí theagmháil a dhéanamh le Teach Tuaithe Lóiste Chill Rannaileach

MÉID:

c.12.5 ha

PÁIRCEÁIL:

trí shocrú amháin

CAIFÉ:

Níl i gceist

LEITHRIS:

Níl i gceist

ÚINÉIRÍ:

Talamh feirme faoi úinéireacht phriobháideach




Fritileán Riasc





Talamh feirme ag Lakeview

An Mullach, Co. an Chabháin



Lonnaithe ar theorainn an Chabháin/na Mí, tá éagsúlacht leathan gnáthóg ag an bhfeirm orgánach seo lena n-áirítear móinéir fhéir neamhchoitianta a bhainistítear go traidisiúnta ina bhfuil raon éagsúil speiceas plandaí.

BAINISTÍOCHT

Gearrtar na móinéir uair sa bhliain le haghaidh féir agus ansin déantar iad a innilt le tréad eallaigh orgánach san fhómhar.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<http://www.lakevieworganic.com/>

CUR SÍOS

Tá na móinéir féir suite ar fheirm atá deimhnithe a bheith orgánach ó 1998 i leith ann. Le bainistíocht íogair, lena n-áirítear gearradh déanach le haghaidh féir, innilt éadrom an fhómhair agus gan aon leasachán saorga, caomhnaíodh agus coinníodh na móinéir seo agus le héagsúlacht plandaí mar phríomhfhócas acu. Tá monatóireacht á déanamh ag Jonathan Shackleton ar fhlóra agus fána araon ar an bhfeirm le 30 bliain anuas. Tá éagsúlacht ollmhór speiceas plandaí iontu lena n-áirítear Glasair Choille, Dearna Mhuire, Fiteog Léana, Féar Cumhra, Biolar Gréagáin, Mínscoth, Cúlarán, Tráithnín Coinfhéar, Nuacht Bhallach, Airgead Luachra, Sú Talún Fhiáin, Cluas Chait, Peasairín Buí, Crág Phortáin, Nóinín Mór, Baine Bó Bleachtáin, Duán Ceannchosach, Gliográn, Samhadh, Coireán Coilleach, Peasair na Luch agus Peasair Fhiáin.

ROCHTAIN:

Príobháideach, ach siúlóidí le feirmeoir ar fáil, ar iarratas

MÉID:

c.3.5 ha, suite laistigh d'fheirm orgánach níos mó

PÁIRCEÁIL:

trí shocrú amháin

CAIFÉ:

Níl i gceist

LEITHRIS:

Níl i gceist

ÚINÉIRÍ:

Talamh feirme faoi úinéireacht príobháideach



Duán Ceannchosach



Talamh feirme ag Moin Aillionn

Moin Aillionn, Co. Ros Comáin



Tá an fheirm seo ar chladach thiar Loch Ailín orgánach ó 1996 i leith. Tá meascán iontach de ghnáthóga ann lena n-áirítear féarthailte aigéadach atá ar mhórán speiceas de agus féarthailte fliucha.

BAINISTÍOCHT

Gearrtar agus tógtar an féar, de ghnáth ag deireadh Lúnasa. Déantar féar nó féarlas de ag brath ar an aimsir.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<https://www.mountallenecotours.com/>

CUR SÍOS

Déantar an fheirm ar fad a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don dúlra. Déantar na limistéir de fhearthailte fliucha atá saibhir ó thaobh speiceas de ag Loch Ailín a thuile go nádúrtha sa gheimhreadh. Is gnách gurb é mí Iúil an t-am den bhliain is fearr chun féarthalamh a fheiceáil. Tá roinnt plandaí neamhchoitianta ann lena n-áirítear Cúilín Gaelach agus Lus Lathaí. Úsáidtear an suíomh freisin trí éanlaithe fiáine agus lapairí a phórú agus a gheimhriú, lena n-áirítear Crotach. Ar imeall an phortaigh ardaithe ísealchríche tá limistéar féarthailte la bhfuil Odhrach Bhallach, planda bia an Fhritleán Réisc. Tá teacht ar Fhraochán Móra ar an bhfeirm freisin. Tá ardluach oidhreacht nádúrtha ag baint leis an limistéar ar fad mar gheall ar a éagsúlacht gnáthóg lena n-áirítear portach ardaithe ísealchríche, féarthalamh leathnádúrtha, cladach locha, coillearnach agus abhainn.

ROCHTAIN:

Príobháideach, ach siúlóidí le feirmeoir ar fáil, ar iarratas

MÉID:

c.1 ha

PÁIRCEÁIL:

trí shocrú amháin

CAIFÉ:

Níl i gceist

LEITHRIS:

Níl i gceist

ÚINÉIRÍ:

Talamh feirme faoi úinéireacht príobháideach



Cúilín Gaelach





Talamh feirme ag Muireagán Thuaidh

in aice Eas Géitine, Co. Luimnigh



Gnáthóga féarthailte ardluacha atá thar a bheith éagsúil agus uathúil ar dhá fheirm in aice láimhe ar inbhear na Sionainne, ina bhfuil féarthalamh cailcreach agus riasc goirt den chuid is mó.

BAINISTÍOCHT

Tá eallach crosálach Gearr-adharcach & Droimeann ag innilt an fhéarthailte fairsing. Bíonn sé dúnta ar an 15 Aibreán agus go dtí go mbaintear an móinéar le haghaidh féir tar éis an 15 Lúnasa.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<https://www.farmingfornature.ie/nominees/michael-tom-keane/>

CUR SÍOS

Déantar féarthailte atá ar mhórán speiceas a innilt go héadrom agus a ghearradh go bliantúil, gan aon ionchur leasacháin. Níor athshíolaíodh iad le breis agus deich mbliana anuas agus tá siad faoi tháirgeadh orgánach ó 2002 i leith. I measc na speiceas is suntasaí tá Magairlín na mBeach, Feochadán Mín, Nuacht Bhallach, Magairlín Glas, Odhrach Bhallach, Clamhán, Glanrosc, Lus na mBan Sí, Magairlín an Loscáin, Slat Óir, Sailchuach Ghiobach, Boladh Cnis, Fraoch Mór, Catluibh, Magairlín na Stuaice, Lus an Uille, Beathnua Fireann, Féar Gortach agus Néalfartach. Tá limistéar féarthalamh tirim uathúil agus riasc goirt ar an bhfeirm agus tá neart flóra agus fána ann freisin. Déantar an limistéar seo a bhainistiú trí innilt. Déantar codanna den láithreán seo a bhainistiú mar chuid de Scéim Phlean Feirme an SPNF.

ROCHTAIN:

Príobháideach, ach is féidir siúlóidí grúpa a fháil leis an bhfeirmeoir ar iarratas

MÉID:

141 ha san iomlán thar dhá fheirm, lena n-áirítear féarthailte cailcreach agus riasc goirt

PARKING:

Níl i gceist

CAIFÉ:

Níl i gceist

LEITHRIS:

Níl i gceist

ÚINÉIRÍ:

Talamh feirme faoi úinéireacht príobháideach





Siúlóid Lúibe na Croise

An Muirthead, Co. Mhaigh Eo



Tugann an tsiúlóid lúibe seo tú trí limistéar féarthailte machair taobh le dumphcha glasa. Tacaíonn siad seo le raon flóra, a thacaíonn le feithidí ina dhiaidh sin lena n-áirítear an Bhumbóg Bhuí Mhór neamhchoitianta agus an Bumbóg Glúineach Dhearg.

BAINISTÍOCHT

Déantar na páirceanna atá tadhlach leis an tSiúlóid Lúb na Croise a bhainistiú trí innilt, eallach den chuid is mó ach roinnt caorach. Go traidisiúnta is eallach amháin a bhíonn ag innilt páirceanna a bhainistítear go traidisiúnta i míonna an gheimhridh, cé gur féidir sa lá atá inniu ann roinnt páirceanna a innilt ag am ar bith. Déantar roinnt cothabhála rialta ar na ciumhaiseanna, cé go bhfágfaí iad seo go hidéalach agus ní ghearrfaí iad ach uair sa bhliain. Níl imill an locha ar innilte.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<https://mayotrails.com/wp-content/uploads/2023/05/Cross-Loops-map.pdf>

CUR SÍOS

Téann an tsiúlóid trí limistéar de fhéarthalamh machaire. Is machairí cósta iad machairí a dhíorthaítear ó ghaineamh séidte ag an ngaoth, agus tugtar bruacha gainimh orthu i gceantair áirithe. Tá céatadán suntasach d'ábhar a dhíorthaítear ó shliogáin san ithir atá mar bhonn agus mar thaca ag na féarthailte seo, agus cé go bhfuil siad cothrom go ginearálta, is féidir droimneachtaí agus loig fhliucha a bheith acu freisin. D'fhorbair an ghnáthóg i ndlúthchomhar leis an bhfeirmeoireacht, le hinnilt gheimhridh ag ligean do bhláthanna rathú.

Bíonn athrú ar speicis flóra ó pháirc go páirc agus thar na séasúir. San earrach, cuimsíonn limistéir níos tirime speicis cosúil le Crobh Éin agus Méara Muire. Faoin samhradh tacaíonn bíonn Tím Chreige, Boladh Cnis, Glanroisc, Cluas Chait, Gliográn agus Hocas Tae ag fás sna ceantair seo, agus i dtreo dheireadh an tsamhraidh tá Méaracán Gorm ag roinnt suíomhanna agus fásann Mínscoth i go leor acu. Baineann tábhacht le seamra freisin, agus splancanna dathanna á soláthar ag an Seamair Dhearg go déanach amach san earrach. Is féidir magairlí a fháil sna paistí taise.

Is mór chun maitheasa raon leathan feithidí, lena n-áirítear an Bhumbóg Bhuí Mhór neamhchoitianta agus an Bhumbóg Glúineach Dhearg a bhíonn flúirse na mbláthanna. Bíonn teacht ar na Machairí freisin ag lapairí pórúcháin ar nós Pilibín. Tá roinnt mhaith pobal Giorria na hÉireann ann. Tá roinnt feirmeoirí sa cheantar ag obair faoi láthair le Saol ar Mhachaire, tionscadal atá maoinithe ag an AE agus a oibríonn le feirmeoirí, úinéirí talún agus pobail áitiúla d'fhonn córais machaire a chosaint agus a athchóiriú.

ROCHTAIN:

Siúlóid lúibe inrochtana go poiblí
- tabhair faoi deara an riachtanas
fanacht ar an gcosán

MÉID:

Tá an Lúb Glas díreach os cionn 5
km ar fad

PÁIRCEÁIL:

tá, carrchlós beag in aice le Reilig
Mhainistir na Croise ag ceann
thuaidh na trá

CAIFÉ:

Níl i gceist

LEITHRIS:

portaloo

ÚINÉIRÍ:

Talamh feirme faoi úinéireacht
phríobháideach

Bumbóg Bhuí Mhór





Talamh feirme ag Pointe Charraig an Rois

in aice leis na Cealla Beaga, Co. Dhún na nGall



Tá Pointe Charraig an Rois le fáil ag deireadh leithinis fhada agus tá féarthalamh cailcreach, cosán aolchloiche agus Móinéir Molinia ann. Seans go bhfeicfeá Fritileán Réisc - is áit iontach é seo chun iad a fheiceáil!

BAINISTÍOCHT

Tá an suíomh innilte go héadrom ag tréad beag eallaigh. Níor cuireadh aon leasachán ar an suíomh.

CÁ HÁIT LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:

<https://www.npws.ie/protected-sites/sac/000191>



Magairlín na mBeach

CUR SÍOS

Is leithinis caol 10 km ar fad is ea Pointe Charraig an Rois a shíneann siar ó dheas ó Dhún Cionnaola go Cuan Dhún na nGall. Tá féarach le fáil ar aolchloch ar iomairí ísle a bhfuil carraigeacha lomáin agus gleannta cruth 'V' le foirmíochtaí móna. Cruthaíonn an t-aolchloch nochta pábháil ina bhfaightear roinnt plandaí neamhghnácha lena n-áirítear Crobh Dearg, Rú Crua, Sú na mBan Mín agus Féar Boirne. I measc na bplandaí níos flúirsí ar na hithreacha tanaí agus ar na scoilteanna creagach tá Catluibh, magairlínní corraigh, Briúlán, Mínscoth agus na Circíní. Ar íochtair fhliuch na ngleann tá srutháin, áit a bhfuil Báchrán, Ceannbhán, Lus buí Bealtaine, Glasair Léana Bheag, Fionnscoth agus Biolar Trá ag fás go fairsing. Tá forbairt déanta ar limistéir fhraoigh ar ithreacha tanaí móna gar do dheireadh Phointe Charraig an Rois.

Tá limistéir de 'Mhóinéar Molinia' atá liostaithe i dTreoir Ghnáthóga an AE ann freisin, agus le Fionnán chun tosaigh, mar aon le Nuacht Bhallach, Magairlín Mór agus na Circíní.

A bhuíochas leis an raidhse d'Odhrach Bhallach, is suíomh iontach é Pointe Charraig an Rois chun an Fritileán Réisc a fheiceáil.

ROCHTAIN:

Tá rochtain phoiblí air faoi láthair, le rabhadh maidir le heallach

MÉID:

16.7 ha d'fhéarthailte cailcreach agus 13.6 ha de Mhóinéir Molinia laistigh den LCS

PÁIRCEÁIL:

páirceáil ag an trá, agus rochtain ar an suíomh ar shiúl na gcos ó sin

CAIFÉ:

Níl i gceist

LEITHRIS:


Níl i gceist

ÚINÉIRÍ:

Talamh feirme faoi úinéireacht phríobháideach



Fritileán Ríasc



Roinnt príomhphrionsabal chun féarthailte leathnádúrtha a bhainistiú:

Cothaitheach

Ar láithreáin ina bhfuil leibhéil arda cothaitheach (e.g. féarthailte atá toirchithe go mór), beidh líon beag speiceas féir chun tosaigh, mar aon le plandaí cosúil le feochadáin agus copóga. Bíonn rath ar na speicis seo nuair a bhíonn leibhéil chothaitheach arda acu, agus cuireann siad deireadh le go leor speiceas eile. Más éagsúlacht bláthanna atá uait, ní mór leibhéil chothaitheach a íslíú.

- Leasachán a sheachaint nó a laghdú.
- Bain na gearrtháin go léir má tá an limistéar bainte. Tá na gearrtháin cosúil le sraith múirín má fhágtar ar an suíomh iad.

Comhuainiú

Má dhéantar féarthailte a ghearradh nó a innilt i lár an tsamhraidh, ansin ní bhíonn deis ag go leor speiceas a bheith faoi bhláth nó síol a shocrú.

- Tá innilt an gheimhridh oiriúnach do shuímh thirim ach b'fhéidir nach mbeadh sé praiticiúil i gcónaí.
- Ligeann baint ag deireadh an tsamhraidh le go leor plandaí agus inveirteabraigh a saolré a chríochnú. Ach cosúil le go leor rudaí, tá éagsúlacht na n-amanna gearrtha tairbheach freisin - ní haon dochar é gearradh níos luaithe ó am go chéile!
- Is féidir leis a bheith an-tairbheach úsáid a bhaint as meascán de ghearradh agus innilt.

Innilt

Más féarach é an féarthailte, agus ní móinéar, ansin beidh tionchar ag speiceas agus pór an ghrásaera air.

- Bíonn caoirigh ag innilt féarthailte go géar. Cruthaíonn eallach agus capaill níos mó éagsúlachta sa struchtúir. Tá gabhair iontach chun scrobarnach a bhainistiú ach is deacair iad a chur faoi ghlas!!
- Is féidir go leor buntáistí a bheith ag pórtha traidisiúnta stoic, mar shampla a bheith níos éadroime (níos lú póitseáil), níos crua (níos lú billí tréidlia, gá níos lú le hiad a thógáil taobh istigh sa gheimhreadh), agus bíonn rath fiú le cuid acu agus fásra garbh á fháil acu (gá níos lú le beathú breise).

Comhairle

Faigh comhairle chuí i gcónaí - is dócha go dtiocfaidh sé seo ó níos mó ná foinse amháin. Ag brath ar cá dtosaíonn tú (e.g. limistéar gliobach tréigthe, féarach talmhaíochta dian), beidh riachtanais bhainistíochta difriúil, ar a laghad ar dtús, rud a fhágann go mbeidh comhairle ábhartha níos tábhachtaí fós.

- Smaoinigh ar labhairt le héiceolaí.
- Aimsigh feirmeoir in aice láimhe a dhéanann cheana féin an méid ar mhian leat a dhéanamh agus iarr comhairle orthu. Tá liostaí d'fheirmeoirí dá leithéid in 'Feirmeoireacht ar son an Dúlra', mar aon le cuairteanna feirme a mholtar go mór.
- Déan iniúchadh ar chuid de na hacmhainní a chuirtear ar fáil ag deireadh an leabhráin seo.



Ionchais


Agus féarthalamh leathnádúrtha á bhainistiú nó á athchóiriú, ba cheart go mbeadh féarthalamh éagsúil agus dea-fheidhmiúil, mar aidhm i gcónaí agus ní báinseach léiritheach. Bíonn féarthalamh tipiciúil agus sláintiúil, ní nach ionadh b'fhéidir, féarmhar!

- Ná bíodh aon dul amú ort, beidh féarthalamh sláintiúil ar fheabhas do phailneoirí, inveirteabraigh eile, agus raon bithéagsúlachta eile, agus beidh neart de bheocht ann, go háirithe sa samhradh.
- Beidh meascán maith d'fhéar dúchasach agus speicis phlandaí eile ann, ach d'fhéadfadh cuma glas, donn nó míshlachtmhar a bheith air, seachas bláthach an t-am ar fad.
- D'fhéadfadh sé breathnú beagán 'leadránach' do roinnt súile (ach ní do na créatúir a úsáideann é), agus d'fhéadfadh cuma mhíshlachtmhar a bheith air, go háirithe ag amanna áirithe den bhliain – mar sin tá sé ríthábhachtach ionchais a bhainistiú.
- Ní mór dúinn go léir athrú beagáinín, agus meas a bheith againn ar an áilleacht agus iontas as an ngnáth.



"I just love species-rich grasslands! There are so many colours, smells and sounds even in the smallest corner of these deceptively diverse and fascinating habitats. I also love that they provide so many functions, above and below ground, not least supporting the diet of the lucky livestock who graze them, or who get to eat the meadowed hay later that winter. The Burren really got me hooked on this habitat, but it's always thrilling to find them elsewhere, like a surprise encounter with a familiar friend. This booklet is like a taster menu for some of Ireland's great remnant grasslands, I hope you get to enjoy at least some of them as much as I still do - and if you happen to meet the farmer when visiting, do congratulate them on their custodianship of these very special places."

Brendan Dunford
Iontaobhas Burrenbeo



Sa gheimhreadh tá móinéir tuilemhá na Sionainne faoi uisce go hiomlán, ach beidh siad seo ina bhféarthailte táirgiúla agus neart bláthanna ag fás iontu sa samhradh, tar éis do na huiscí dul i léig.

DÁN

'Time Cycle Repeat'

by Jeff Coles (@jeffcolesart)

River water rain, flood plain
Silt soil seed, knapweed
Flood river rise dragonflies
Seed soil roots, muddy boots
Flower birds honeybee, biodiversity
Horse sheep cattle, yellow rattle
Mow crop hay, sunny day
Time cycle repeat, meadow sweet

Bhí an dán seo le feiceáil i bhféilire a chuir Alice Walker agus an 'Floodplain Meadow Partnership' le chéile in 2022, agus bhí sé spreagtha ag sceitseáil lae agus léacht ag Móinéir Fhada. Déanann sé cur síos go hálainn ar na gnéithe iomadúla a dhéanann móinéir torthaí, nó mar a thugtar orthu go minic in Éirinn, féarthailte 'talamh calaidh'.

Cá háit a bhfaighidh tú tuilleadh eolais:



NPWS

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
National Parks and Wildlife Service



1. GREAT IRISH GRASSLANDS WEBSITE

Cumann Luibheolaíochta na Breataine agus na hÉireann

<https://www.greatirishgrasslands.ie/>

2. BSBI 'IRISH GRASSLANDS PROJECT'

Físeáin oiliúna den scoth le haghaidh sainaitheint plandaí

<https://bsbi.org/irish-grasslands-project>

3. SPNF

Suirbhéanna eolaíocha agus amharcóir léarscáileanna féarthailte

<https://www.npws.ie/research-projects/grasslands>

4. PLEAN UILE-ÉIREANN UM PAILNEOIRÍ

Acmhainní agus faisnéis maidir le pailneoirí agus a ngnáthóga

<https://pollinators.ie/>

5. FEIRMEOIREACHT AR SON AN DÚLRA

Feirmeoireacht atá oiriúnach don dúlra a chur ar taispeáint, lena

n-áirítear siúlóidí feirme go minic

<https://www.farmingfornature.ie/>

Téacs: Maria Long, Phoebe O'Brien, Ruth Wilson & Úna FitzPatrick.

Nótaí Buíochais: Buíochas mór le húinéirí agus bainisteoirí uile na láithreán féarthailte a bhí le feiceáil, agus leo siúd a chabhraigh linn an fhaisnéis a bhí ag teastáil don leabhrán a bhailiú. Buíochas ar leith leis an ngrúpa taobh thiar de 'Glens Great Grassland Trail' as inspioráid a thabhairt dúinn don tionscadal seo. Míle buíochas le Jeff Coles agus Grace Wells as a gcuid dánta áille a úsáid.

Grianghraif: Táimid an-bhuíoch do gach duine a thug cead dúinn a gcuid grianghraf a úsáid, nó atá le feiceáil iontu. Tá tagairt speisialta tuillte ag Miriam Garcia Mortell, as an grianghraf clúdaigh a sholáthar chomh maith le roinnt eile. Grianghrafadóirí eile - Anne Mullen, Barry O'Donoghue, Brian Gaynor, Christina Sweeney, Clare Heardman, Colin Stanley, Edwina Cole, Emer Magee, Fernando Fernandez Valverde, Hannah Mulcahy, James Owen, Jane Shackleton, Jodie Jackson, Joshua Brown, Karina Dingerkus, Linda Gillsean, Lorcán Scott, Maria Long, Matt

Woodhouse, Melina Quinn, Michelle Larkin, Mireille McCall, Oífig na nOibreacha Poiblí, Oisín Duffy, Oliver Lynch Milner, Orla Maguire, Owen Beckett, Paul Carberry, Paul Green, Paul Moore, Penny Bartlett, Phoebe O'Brien, Pranjali Bhawe, Réamaí Mathers, Rory Finnegan, Rosaleen Dwyer, Shane Brien, Sharon Parr, Steven Falk, Tina Claffey, Tommy Earley, Úna FitzPatrick, Val Robus.

D'fhorbair an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra an leabhrán seo, le tacaíocht ón Ionad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta.

Lua molta: Maria Long, Phoebe O'Brien, Ruth Wilson & Úna FitzPatrick (2024) Conair na bhFéarthailte - Ag Taispeántas Féarthailte Iontacha na hÉireann. Arna fhorbairt ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Arna fhoilsiú ag an Ionad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta, Sraith Uimh. 34. Leagan 2: nuashonraithe Nollaig 2024.

Dearadh: Vitamin.ie



NPWS

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
National Parks and Wildlife Service

An tIonad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta
ag Doiciméadú Fiadhúlra na hÉireann



Cur i bhfeidhm arna chomhordú ag Ionad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta

Teach Ghort na Feá, Campas Thiar
Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt,
Cloch an Óir, Co. Phort Láirge, Éire.
X91 PE03

www.biodiversityireland.ie

+353 51 306 240

Is Cuideachta faoi Theorainn Rátháíochta é an tIonad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta.
Uimhir Chláraithe: 730718.



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council



NPWS

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
National Parks and Wildlife Service